

**Filíocht Louis de Paor**

**Téamaí agus Teanga**

**Bláithín Ní Liatháin**

**Miontráchtas mar chuid de riachtanas na céime  
M.A. sa Nua-Ghaeilge**

**Roinn na Nua-Ghaeilge  
Ollscoil na hÉireann Má Nuad**

**Ceann na Roinne: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn  
Stiúrthóir: An Dr. Ó Dúshláine**

**Samhain 2004**

## Achoimre

Anailís ar fhilíocht Louis de Paor atá sa tráchtas seo. Mar chuid den réamhrá tá clár dá shaothar go dtí seo. Chomh maith le sin tá cúlra liteartha scríofa agam. Séard atá anseo ná achoimre ar stádas na nua-filíochta i nGaeilge le céad bliain anuas. Tá cúig chnuasach filíochta foilsithe ag Louis de Paor. Roimn mé an Tráchtas i gcúig chaibidil. Baineann gach caibidil le cnuasach ar leith.

I gcaibidil a haon is é an leabhar *Próca Solais is Luatha* atá i gceist. File an óg is ea é agus tá roinnt dá dhánta ag léiriú na deacrachtaí a bhí aige agus é i mbun cairdriomh le mná. Is ag scríobh mar athair atá sé ag deireadh an chnuasaigh.

Tá dánta sa dara cnuasach scríofa aige agus é san Astráil. 30 Dán an teideal atá ar seo. Arís is ábhar aige a chuid páistí agus greann á léiriú sa seod “Timpbhriste”. Tá éagsúlacht téamaí sa tríú cnuasach *Seo Siúd Agus Uile*. Tá sé fós ag scríobh mar gheall ar an Astráil. Baineann “Oileán na Marbh” leis an ngaol a bhí idir na cimi a cuireadh chun na hAstráile agus na saighdiúirí a bhí ina dtiarnaí orthu. I *Corcach agus Dánta Eile* tá sé tar éis filleadh abhaile. Déanann sé iníúchadh ar ghnéithe áirthe de chathair Chorcaí. Tá sraith de dhánta bunaithe ar iompar agus breith linbh. Is é *agus rud eile de* an cnuasach is déanaí uaidh. Tá go leor dánta sa leabhar agus léargas iontu ar an mbás, bás a athar agus bás an fhile Albanach, Somhairle Mac Gill-Éain, ma measc. Tá an cnuasach tromnaithe do John Spillane agus mar sin de is dócha gurbh eisean an t-amhránaí sa dán deireanach “An tAmhránaí”. Sa Chonclúid tá léargas tugtha ar na cnuasaigh trí chéile.

# Clár

## Réamhá

<b>Buíochas</b>	<b>1</b>
<b>Aidhm</b>	<b>2</b>
<b>Cúlra Beathaisnéise</b>	<b>3</b>
<b>Clár Saothair</b>	<b>4</b>
<b>Cúlra Liteartha</b>	<b>6</b>
<b>Caibidil a hAon – <i>Próca Solais is Luatha</i></b>	<b>11</b>
<b>Caibidil a Dó – <i>30 Dán</i></b>	<b>21</b>
<b>Caibidil a Trí – <i>Seo. Siúd. Agus Uile.</i></b>	<b>34</b>
<b>Caibidil a Ceathair – <i>Corcach agus Dánta Eile</i></b>	<b>49</b>
<b>Caibidil a Cúig – <i>agus rud eile de</i></b>	<b>65</b>
<b>Noda</b>	<b>80</b>
<b>Conclúid</b>	<b>81</b>
<b>Liosta na Leabhar</b>	<b>86</b>

# Réamhrá

Buíochas	1
Aidhm	2
Cúlra Beathaisnéise	3
Clár Saothair	4
Cúlra Liteartha	6

## **Buíochas**

Is mian liom mo bhuíochas a chur m iúl do Roinn na Nua-Ghaeilge Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, don Ollamh Ruairí Ó hUiginn, don Dr Tadhg Ó Dúshláine a bhí mar stiúrthóir ar an dTráchtas seo agus do Ghearóidín Ní Ruadháin rúnaí na Roinne Táim buíoch d' fhoirne na leabharlanna seo a leanas, An Leabhlann Náisiúnta, Lár-leabharlann, Sráid Annraoi, Cartlann na Cathrach, Sráid an Phiarsaigh agus Leabharlann Eoin Phóil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Táim buíoch freisin don fhile féin Louis de Paor Caithfidh mé cairde, comhghleacháí agus mo mhuintir a lua freisin agus buíochas a ghabháil leo, ach go háirithe Firdia, Doris agus Anthony a thug tearmann dom i rith an tSamhraidh

## Aidhm

Bhí an dán “Carta Poist” (30 Dán) ar chúrsa Ghaeilge na hArdteistiméireachta roinnt blianta ó shin. Chuaigh an dán i bhfeidhm go mór orm sa chaoi gur éirigh leis an bhfile fuaimanna, dathanna agus radharcanna an suímh a chur trasna le focail amháin.

Chuala mé Louis de Paor ag léamh a chuid filíochta (i dteannta an amhránaí John Spillane) agus cé nach dtuigfí an fhilíocht go cruinn ó bheith ag éisteacht léi fuair an Paorach éisteacht mhaith.

Dá bhrí sin bhí suim múscailte ionam eolas níos doimhne a chur ar fhilíocht an Phaoraigh. Chinn mé tabhart faoi seo trí iniúchadh a dhéanamh ar théamaí agus ar theanga a chuid filíochta. Tá an iniúchadh bunaithe ar an gcúig chnuasach filíochta atá foilsithe aige go dtí seo. Sin iad *Próca Solais is Luatha*, *30 Dán*, *Seo Snúid agus Uile*, *Corcach agus Dánta Eile* agus *agus agus rud eile de*.

## **Cúlra Beatháisnéise**

### **Saol agus Saothar**

Rugadh Louis de Paor i gCorcaigh sa bhliain 1961

Fuar sé a bhunscolaíocht i mBaile an Easpaig ag tosú i 1965

D'fhreastail sé ar an Meánscoil, Coláiste an Spioraid Naoimh ag tosú i 1975

D'fhreastail sé ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh áit ar bhain sé céim amach sa

Ghaeilge agus san Léann Dúchais

Chaith sé tréimse ag múineadh i Coláiste Úrmhumhan, Luimneach i 1985

Is san Astráil a chaith sé na blianta idir 1987 agus 1996

Tá sé anois ina Stiúrthóir ar Ionad an Léinn Éireannaigh i gColáiste na hOllscoile,

Gaillimh

## Clár Saothar

1988	<i>Próca Solais is Luatha</i>	Coiscéim Baile Átha Cliath
1991	<i>Coiscéim na hAoise Seo</i>	Coiscéim Baile Átha Cliath
	Seán Ó Tuama agus Louis de Paor a Roghnaigh	
	<i>Faoin mBlaoisic Bheag Sin</i> (An Aigineolaíocht i scéalta Mháirtín Uí Chadhan)	Coiscéim Baile Átha Cliath
1992	<i>30 Dán</i>	Coiscéim Baile Átha Cliath
1993	<i>Aimsir Bhreicneach / Freckled Weather</i>	Leros Press Canberra ✓
1996	<i>Seo. Siúd agus uile</i>	Coiscéim Baile Átha Cliath
	<i>Gobán Cré is Cloch / Sentences of Earth and Stone</i>	Black Pepper North Fitzroy ✓
1997	<i>Leabhar Sheáin Uí Thuama</i> (Eagarthóir Louis de Paor)	Coiscéim Baile Átha Cliath
1999	<i>Corcach</i>	Coiscéim Baile Átha Cliath
	<i>A Illuminated Celtic Book of Days</i> (Text selected by Louis de Paor)	Tenspeed Press California
2000	<i>Freacnairc : the Oomph of Quicksilver</i>	
	Michael Davitt, Rogha Danta 1970 – 1988 (Eagarthóir Louis de Paor)	
		Cork University Press
2002	<i>agus rud eile de</i>	Coiscéim Baile Átha Cliath

## **Eagarthóir**

1984	<i>Comhar</i>	Meitheamh – Nollaig
1985 – 1987	<i>Innti</i>	Eagarthóir Cúnta
1988 – 1991		Eagarthóir
1998 – 2000	<i>Foinse</i>	Léitheoir profaí

## Cúlra Líteartha

Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Bhí sé mar aidhm ag an eagaráiocht seo litríocht a chur chun cinn, i ndáiríre a chruthú mar is beag a bhí scríofa sa Ghaeilge. Bhí ranganna Gaeilge bunaithe ag an gConradh agus bhí ábhar léitheoireachta ag teastáil ó na sluaite a bhí ag foghlaim na Gaeilge as an nua.

Trí bliana tar éis bhunú Chonradh na Gaeilge bunaíodh an tOireachtas. “Is mar aithris ar Eisteddfod Cymru agus Múd Náisiúnta Alban a bhí an tOireachtas leagtha amach.”<sup>1</sup>

Leanann Mac Aonghusa leis “Is mar seo a bhí an rún Comhdhála as a dtáinig An tOireachtas

“That an Oireachtas or public assembly on behalf of the Irish Language be held annually by the Gaelic League at which prizes would be offered for readings, recitations, songs and dramatic sketches in Irish.”<sup>2</sup>

Foilsíodh *Irisleabhar na Gaeilge* sa bhliain 1882. Ghlac Conradh na Gaeilge seilbh air agus athraíodh an t-ainm go *An Claidheamh Solais* sa bhliain 1903 agus Pádraig Mac Piaras mar eagathóir ar an iris. Thug an dá rud seo spreagadh do scríbhneoirí óga, bhí duaiseanna le gnóthú ag an Oireachtas agus deis foilsithe ag buathóirí na gcomórtaisí. Ach cén sórt litríochta a bheadh oiriúnach? B’shin aincheist a spreag go leor díoscúrsa ag tús an fhichú chéad. An rún díospóireachta a bhí ann ná arbh ceart athbheochan a dhéanamh ar an litríocht a bhí faoi bhláth roimh Theitheadh na n-Iarlaí tar éis Cath Cionn tSáile nó aghaidh a thabhairt ar nósanna litríochta na hEorpa.

Scríobh Pádraig Mac Piarais agus é ag tabhairt comhairle do scríbhneoirí óga

---

<sup>1</sup> Prionsias Mac Aonghusa “Ar Son na Gaeilge” (Conradh na Gaeilge Baile Átha Cliath 1993) lch 59

<sup>2</sup> Ibid, lch 60

“Irish literature, if it is to live and grow, must get in contact on the one hand with its own past and on the other with the mind of contemporary Europe. It must draw the sap of its life from the soil of Ireland, but it must be open on every side to the free air of heaven.”<sup>3</sup>

Dhá bhliain ina dhiaidh sin, agus é ag scríobh ar an ábhar céanna, dúirt Pádraig Ó Conaire

“ ach nuair a thosaigh an duine ar a intinn féin a scrúdú agus a nochtadh dá chomharsa bhí Ré na Nualtríochta ar fáil. Scrúdaítear an duine. Scrúdaítear a aigne. Déantar tréanarracht ar na ceisteanna móra a bhaineann le hintinn an duine ag déanamh a leithéid seo de ghníomh ( a léiriú) ”<sup>4</sup>

Má ghlac scríbhneoirí próis comhairle an Phiarsaigh agus Uí Chonaire ní raibh ré nua litríochta le sonrú i bhfilíocht na Gaeilge a scríobhadh i mblianta tosaigh an stáit nua. Mar a dhearbhaigh Gearóid Denvir san Réamhrá a scríobh sé le *Duanaire an Chéid*

“ is beag filíocht de rath a cumadh le linn chéadghlúin liteartha sin na haoise. Tá a bhfuil ann di breac le traidisiúnaíochas iardhearcach a mhóras seansaol útóipeach na nGael mar a shamhlaítear é don fhile mar urlabhraí de chuid ghluaiseacht na hAthbheochana. Tráchtar inti ar shaol an Ghaeilgeora, ar Chonradh na Gaeilge, ar thuras chuig an nGaeltacht, ar mhíoneachtraí i saol pobail áitiúil. Moltar an ghluaiseacht náisiúnta, saoirse agus an Ghaeilge féin, agus cáinteas dá réir sin an seoinín gallda agus a mháistir Seán Buí. Tá an saothar seo lán de dhóchas agus de mhíneach do-chreidthe, do-chloíte, soineanta a d’eascair as síora an hathghabhála a bhí an cine dúchais mar a

---

<sup>3</sup> Pádraig Mac Piarais “An Claidheamh Solus” Bealtaine 1906 (6 – 7)

<sup>4</sup> Pádraic O’Conaire “An Claidheamh Solus” Nollaig 1908 ( 12 )

fhachthas dóibh féin é a dhéanamh ar a n-oidhreacht dhlísteanach stairiúil sa am Is deacair, áfach, a mhaíomh gur filíocht a bháite i gciall ar bith den fhocail<sup>5</sup>

Glactar leis gurbh é “Coinle Geala” a d’fhoilsigh Máirtín Ó’Dreáin i 1942 an chéad chnuasach de fhilíocht a bhféadfaí lipéad nua litríochta a chur leis Scriobh Tomás Mac Síomóin agus Douglas Sealy réamhrá do “Máirtín Ó’Dreáin Selected Poems Tacar Dánta” agus dúirt ann,

A number of the poems expressed, as might be expected, an overwhelming nostalgia for the Aran of his youth, but what was not to be expected was that he had discarded the traditional forms that he had grown with, the songs with long lines, regular rhythms and patterns of assonances, and had turned to short lines of varied lengths, rhythmical to be sure, but only loosely held together by an irregular use of assonance<sup>6</sup>

Scriobh Seán Ó’Tuama san Réamhfhocal a chur sé lena shaothar *Filí Faoi Sceimhle*, ag tagairt do Sheán Ó Ríordáin, “An ghlún scríbhneoirí Gaeilge atá tagtha chun cinn ó bhlianta an chogaidh i leith (1939 - ), is iad an chéad ghlún iad ón 17ú haois anuas a bhfuil blogh mhaith mhór den saol comhaimseartha Eorpach á iompar go nádúrtha is go neamhthuarimeach acu istigh ina n-aighe . Timpeall na bliana 1945 is túsce a bhraitheann tú cló dearfa na nuafhilíochta ar a shaothar An bhliain sin is ea a d’fhoilsigh sé “Adhlacadh Mo Mháthar”, agus is é ócáid an dáin seo, a déarfainn, a d’fhuascail an fhéith ann, a leag cibé bacanna teanga nó síceolaíochta a bhí á chosc, a thug neart dó scaoileadh le samhailteacha as íochtar a aighe, a chuir ar cumasc a dhéanamh, faoi strus,

---

<sup>5</sup> Gearoid Denvir (eag) “Dunaire an Cheid” *Réamhrá (14 -15)* Conamara 2000

<sup>6</sup> Máirtín Ó’Dreáin Selected Poems Tacar Dánta (Selected and Translated) Tomás Mac Síomóin Douglas Sealy The Goldsmith Press Newbridge 1984

idir na gnéithe iascchata agus na gnéithe dúchais atá ina chuid filíochta”<sup>7</sup>

Le linn do Sheán Ó Tuama a bheith ina léachtóir i Roinn na Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, bhí Seán Ó Ríordáin ina scríbhneoir cónaitheach sa choláiste. Tháinig borradh as coimse ar scríobh na bhfilíochta i nGaeilge sa tréimhse seo. Seo a scríbh Gearóid Denvir faoin tréimhse seo.

“Fágann bláthú seo na filíochta sna seascaidí nach fás thar oíche, gan fréamhacha in ithir bhisiúil, a bhí i saothar na glúine dá ngartear “Innti” ó dheireadh na seascaidí ar aghaidh. Go deimhin féin, bhí nasc soiléir idirghlúine ann sa mhéid go raibh an Ríordánach in a scríbhneoir cónaitheach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus Michael Davitt, Liam Ó Muirthíle, Nuala Ní Dhomhnaill, Gabriel Rosenstock agus riar filí óga eile, ag dul i mbun pinn san institiúid sin i gcéadúair.”<sup>8</sup>

Bhí Seán Ó Tuama fós ina léachtóir i Roinn na Gaeilge, i gCorcaigh, nuair a bhí Louis de Paor ina mhac léinn ollscoile sna seachtóidí deireanacha. Admhaíonn sé an spreagadh a thug an Tuamach do mhac léinn dul i mbun scríobh na filíochta. In agallamh a rinne sé don iris idirlín “Beo” dúirt an Paorach:

“Nuair a bhíomar sa chéad bhliain, thosaigh Seán (Ó Tuama) ar cheardlanna scríbhneoireachta a reáchtáil aimsir na Nollag ar an mBuailtín i gCorca Dhuibhne. Thar trí bliana ba iad na filí Michael Harnett, Michael Davitt agus Nuala Ní Dhomhnaill aíonna speisialta ag na ceardlanna.”<sup>9</sup>

San agallamh céanna admhaíonn de Paor go ndeachaigh Ó Ríordáin i bhfeidhm go mór air. Leanann sé leis san agallamh:

---

<sup>7</sup> Seán Ó Tuama *Filí Faoi Sceimhle* Baile Átha Cliath 1978 (1 – 4)

<sup>8</sup> Gearóid Denvir (eag) *Duanaire an Chéid Réamhrá* Conamara 2000 (18 – 19)

<sup>9</sup> *Louis de Paor* in agallamh le hEamonn Ó Dónaill *Beo Márta* 2003 (1 – 9)

“Cheadaigh Ó Ríordáin do dhaoine a nguthanna féin a fhobairt Ní aon rud amháin a bhí i gceist feasta, ní guth aon duine amháin nó aon phobal amháin nó aon chomhluadar amháin a bheadh ann Ní fhéadfaí aon teorainn a chur leis an raon guthanna a d’fhéadfaí a thabhairt aníos sa Ghaeilge Bhí cead cainte agus ceart cainte i bhfoirm filíochta sa Ghaeilge ag gach aon duine ian dhiaidh Sin é a bhraithum <sup>10</sup>

Chomh maith le Seán Ó Tuama agus Seán Ó Ríordáin duine eile a spreag chun filíochta é ná Michael Davitt:

“Chuaigh Davitt an-mhór i bhfeidhm orm thar aon duine eile a bhí suas le mo linnse toisc go raibh sé ag scríobh laistigh den gcathair, go raibh tionchar Mheiriceá ar go leor slite, tionchar an cheoil, tionchar fhilíocht Mheiriceá, tar éis dul i bhfeidhm air mar a bhí sé dulta i bhfeidhm ormsa ”<sup>11</sup>

Tá sé tábhachtach do fhilí go mbeadh tacaíocht ann dóibh i ndá ghné dá ngairm Tá deiseanna ag teastáil ionas go mbeadh a gcuid saothar foilsithe Tá go leor Títhe Foilsíúcháin ann sa lá atá inniu ann Tá spreagadh agus ceardlanna filíochta riachtanach freisin Mar a fheictear dúinn téann glúin amháin i bhfeidhm ar ghlúin eile agus tá tairthí agus comharle filí bunaithe de dhíth ó fhilí atá ag tosú ag scríobh

---

<sup>10</sup> Ibid

<sup>11</sup> Ibid

# **CAIBIDIL A hAON**

*Próca Solais is Luatha*

*is bí deas liom*

## *Próca Solais is Luatha*

“Is bí deas liom”

Cnuasach de dhánta a scríobh Louis de Paor idir 1980 agus 1987 is ea *Próca Solais is Luatha*. D’fhoilsigh Coiscéim an cnuasach seo sa bhliain 1988.

File an óg ab ea an Paorach nuair a scríobh sé roinnt de na dánta sa cnuasach seo. Easpa muinte an fhir óig agus é i mbun cairdeachta a léirítear i roinnt de na dánta.

Sa chéad dán “Cúth” léiríonn an file go leor muinte sa chéad véarsa nuair a impíonn sé ar an mbean teacht leis, “Tar liom/go himeall an domhain”(PRL 9). I línte deireanacha véarsa a trí tá éiginnteacht le brath sna línte

is beadais m' éad leis an ngealaigh

a bhraitheann tú dod mhealladh(PRL9)

Tá saol níos spleodraí ag mealladh an chailín uaidh. Tosaíonn véarsa a dó sa mhódh ordaithe leis na focail “imigh uaim” (PSL9) ach tagann laghdú ar neart na bhfocal i véarsa a trí a osclaíonn leis an iarrtas “ach fill” (PRL9). Níl sé cinnte go bhfillfidh sí.

Tá an neamhchinnteacht chéanna le sonrú sa dán “Ar Thráigh an Fhiona”. Tá an file ar mire toisc é a bheith i ngiorracht a ghrá ach léiríonn sé easpa muinte ann féin mar tá sé lán “le hionadh gur fhanais liom” (PSL10).

Tógtar fo-theideal na caibidle seo ón ndán “Ag an gCóisir 1”. Tá sé ag cur an fhreagracht ar an gcailín an chéad chéim a ghlacadh maidir le caidreamh a mhúscailt eatarthu.

Beoigh mé a chailín

is bí deas liom (PSL 21)

An é nach bhfuil anseo ach simplíocht mar atá an t-iarrtas simplí nó an é go bhfuil aimsir an fhir nua nó an fear óg gan a bheith cinnte de féin á léiriú ag de Paor? An é seo frith

laoch na fichiú haoise a bhfuil a ról cailte nó claochaithe air? Cuireann cuid de na dánta mothúcháin an duine a mothaíonn tréigthe in iúl. Nochtaíonn sé a mhothúcháin sa chás seo go hoscailte, go so-ghonta sa dán “Eva”

Táim ársaithe ag cartheamh id dhiaidh

ag fanacht go ndúiseoidh na cnuimheanna iarbháistí (PSL 23)

Léirítear conas mar a chuireann sé isteach air nuair nach gcaitheann beirt chailín leis go maith. Tá sé go léir ráite aige i dteideal an dáin “Do Chailín Stucach nár Bheannaigh dom sa tSráid”. Cuireann sé ina leith

Mar a scoithis led shrón sa aer (PRS 25)

Sa dán “Séasúir”, cuireann sé a ghortú in iúl sa líne

Tá glas cloiche ar chroí do bhuachalla (PRL 27)

Nuair nach bhfuil rath á ghuí air goilleann sé chomh mór sin air go siúlann sé “deich míle slí” (PSL 18) agus sa dán céanna “Masla” guíonn sé, mar fhocal scoir, an “masla” ar an gcailín

Go mba hé duitse

a bhíste

I bhfríotal simplí, gonta cuireann sé mothúcháin an fhir óig in iúl

Tá cúpla dán gleoite sa chnuasach seo. Dánta ina ndeineann sé céiliúradh ar neomantí speisialta sa saol. Seo an nóiméad a ghairm Seán Ó Ríordáin an “bheo-ghéit”<sup>1</sup>. Feictear céiliúradh ar nóiméad sa dán “Musc”. Tá bean á céiliúradh ag an bhfile. Feictear dúinn í i suíomh pastorelle agus cé go bhfuil “mo rogha banríon” (PSL 15) imithe le seachtain airíonn sé ina thimpeall go fóill í mar is íse a rogha pháirtí

mo rogha banríon

---

<sup>1</sup> O’Ríordáin, Seán *Eireball Spideoige Réamha Sáirseal*. O’Marcach Baile Atha Cliath 1952 lch 13

lá a corónaithe

os cionn fuíollach a cineáil iomlán (PSL 15)

Is é an Samhradh atá mar ábhar ceilúrtha ag de Paor sa dán “Scéala”

Mothaím samhradh len iascaidí

ag griannadh folt, ag lascach srón

an teas ag siúl ar dhealga an aitinn (PSL 29)

Lá tar éis báistí is ea is ál leis 1 “Lá sa Lúnasa ar an gCeathrú Rua” Is ar ghnáthaimh an tsaoil a dhíríonn sé ár n-aird

Cuardaíonn méara garraíodóra

leamhain faoi sciorta cabáiste (PSL 31)

Baineann sé feidhm as an gcabáiste sa dán “Daoine Beaga” ina bhfuil a chuid pháistí mar ábhar aige Deineann sé comparáid idir an chaoi a mbíonn na páistí ag bailiú “pingíní, fathíní is bruscar daite” (PSL 41) ón talamh agus eisean atá “chomh críonna le cabáiste an Fhómhair” (PSL 41) nach ndéanfadh a leithéid

Ag dul ar aghaidh ó théamaí na ndánta go dtí a gcruth tugtar faoi ndeara gur saor véarsaíocht a chleachtann sé Sa chuid is mó táid saor ó rím is ó rithim foirmeálta Gléas a úsáideann sé go héifeachtach ná línte aonaracha, sé sin línte atá leo féin, ar crochadh Tá sampla de seo sa dán “Crosbhóthar” Is mór idir “Crosbhóthar” agus “The Road not Taken” le Robert Frost<sup>2</sup> Deir Frost

Two roads diverged in a yellow wood,

And sorry I could not travel both

---

<sup>2</sup> Frost, Robert, *The Road not Taken* North of Boston 1914

Sa dán “Crosbhóthar” tá cinneadh le déanamh ag an bhfile ach tá sé deacair mar tá nithe an tsaoil “ag tonnadh ar a chluasa gan stop” (PSL 26) Ag leanacht an líne sin tá líne ar crochadh, leis féin

Chalcaigh na cluasa uatha féin (PSL 26)

Feidhmíonn an líne mar bhacainn ar a raibh ag déanamh buaireamh dó agus an réiteach ag a dtagann sé Feictear an gléas, an gnás seo ag feidhmiú sa dán “Séasúr”

Tá sioc anois ar ghuth an bhuachalla (PSL 27)

Sin é an chéad líne sa dán agus tá sé gearrtha amach ón gcuid eile den dán Cureann sé béim ar fhualaingt an fhíle sa chaoi go bhfuil sé leis féin Ar aghaidh go dtí líne eile atá ar crochadh

Tá glas cloiche anois ar chroí do bhuachalla, (PSL 27)

Tá, ar bealach, ag déanamh macalla ar an gcéad líne ach is gnás an líne seo is bacainn é idir an fhadhb agus an réiteach Tá cinneadh déanta

go rachaidh sé ar imirce

ón duifean

go tír a mbeidh grian inti

Is minic go mbíonn dán aon abairte ag de Paor, sé sin gurbh aon-abairt amháin é an dán ó thús go deireadh Is dánta aon-abairte iad na dánta seo a leanas, “Musc”, “Leannán”, “Iarfhocail”, agus “Do Chailín Stucach nár Bheannaigh dom sa tSráid” Úsáideann sé an gnás seo go héifeachtach sa dán “Do chailín nár Bheannaigh dom sa tSráid” Is imeacht aon nóiméad atá á chur síos aige sa dán agus an cailín ag dul thairis gan bheannú dó mar a deir sé,

Mar a scoithis led shrón san aer (PSL 25)

Tá nóiméad na scoite gafa go beacht aige agus oireann an t-aon abairt amháin d'ábhar an dán agus an flosc a éiríonn leis a chur trasna

Gnás eile a chleachtann de Paor ná go dtosaíonn dán 1 lár abairte Shilfeá go rabhamar tar éis cur isteach ar a chuid machnaimh Is iad seo a leanas línte oscailte an dán “Na hAingil Órga”

gur thiteas arís

as mo sheasamh

1 ngrá (PSL 33)

Thit sé 1 ngrá go tobann agus is macalla ar sin oscailt obann an dán seo Cheapfá go raibh an grá tar éis a chur isteach ar cibé a bhí ar siúl aige ag an nóiméad sin

Oscloíonn teideal dán an chnuasigh 1 lár abairte freisin

fág coinnle romham ar lasadh 1 do dhiaidh

1 bhfunneog bhriste an tseomra suí (PSL 30)

Chomh maith le hoscailt 1 lár abairte is sampla eile é de dhán aon abairte Tá coinníoll a comhlíonadh ag an bhfile sula bhfilleann sé “go dtí an próca solais is luatha” (PSL 30)

Níl aon chinnteacht léirithe ag an bhfile faoin gcomhlíonadh seo Ní thosaíonn an chéad litir le ceann litir, cuireann seo leis an léargas atá á thabhairt ar éiginnteacht an fhile faoin dtoradh a bheadh ar a fhilleadh “dem oilithreacht bheannaithe” (PSL 30) Théití ar oilithreacht ar chúiseanna éagsúla ach ceann acu ná glanadh anama mar chúiteamh ar pheacaíocht

Ní hí an oilithreacht an t-aon siombal reiligiúnda amháin atá sa dán seo Tá sé ag iarraidh go mbeadh coinneal ar lasadh dó san fhuinneog Lastar coinneal sna funneoga Oíche

Nollag mar chomhartha don Mhaighdean Mhuire go mbeadh fáilte roimpi sa teach áirthe seo Is meafar coitianta é coinneal do dhóchais Is dócha más ea gur fhull dóchas chuige

Tá baint ag reiligiún leis an ndán grá “Na hAingil Órga” freisin Thit an file i ngrá le cailín agus í ag siúl ar Shráid an Phrionsa ach tá clog ag bualadh san ardeaglais Is ann atá Aingil Órga an teidil ach seasann siad do gheanmnaíocht agus táid dall don “samhradh” (PSL 33) nó loimr an ghrá i súile an fhile Amharcann siadsan air mar pheacach “dallta / ag grian an tsamhraidh / i súile peacaigh” (PSL 33)

Baineann de Paor úsáid go mion minic as “samhradh” mar mheafar ar thréimhse sonais Úsáideann sé “grian” sa chaoi chéanna Meafair an-soiléir, an-simplí iad Feictear “grian” in úsáid go héifeachtach sa dán “Séasúr” Ag cur síos ar a dhroch stad deir an file “Tá sioc anois ar ghuth an bhuachalla” (PSL 27) agus chun réiteach a fháil ar an ndroch stad seo “ deir sé go rachaidh sé ar imirce / ón duifean / go tír a mbeidh grian inti”

Tá seachbhrú reiligiúnda sa dán “Scéala” sa chaoi a nglacann an file ról Eoin Báiste D’fhógair Eoin Báiste dea-scéal faoi theacht Críost ach is teacht an tSamhraidh atá á fhógairt, á chéiliúradh ag an bhfile agus é á rá

le clingeadh mo chlogán cloiginnn

ag fógairt

Motháim samhradh lem ioscáidí (PSL 29)

Léiríonn sé a bhá don Samhradh i línte an dán “Lá fómhair i nGleann an Chláir” mar a gcuireann sé síos ar

Peata lae a thit ón spéir

is an Samhradh ag glanadh (PSL 38)

Má baineann de Paor feidhm as an ngrian agus dea-aimsir le mothúcháin nó braistintí dearfacha a chur in iúl is droch-aimsir agus aimsirí fuara a chuireann a mhalairt trasna orainn Tá, mar a bheadh, comhbhá idir an aimsir agus aoibh an fhúle Sa dán “Cúth” iarrann sé ar an gcailín imeacht uaidh sa líne “imigh uaim ar chúil na scamall” (PSL 9) Is tréithe dorcha ón ndúlra a thugann léargas ar chonas a bhraitheann an file

Sa dán “Eva”, dán m a ndeir sé go bhfuil sé “ársaithe ag caitheamh id dhiaidh” (PSL 23), osclaíonn an dán leis an líne “Sa seomra síordhorcha” (PSL 23) Arís anseo tá an dorchacht ag freagairt do mhothúcháin dhiúltacha agus iad ag cur as dó. Sa dán “Próca Solais is Luatha” dearbhaíonn sé muna bhfilleann sé “go dtí an próca solais is luatha” (PSL 30) go mbeadh sé ar “aistear síorsaí sneachta” (PSL 30)

Chomh maith le feidhm a bhaint as an dúlra chun chomhbháú a chur in iúl baineann sé feidhm as suíomhanna taobh amuigh, “en plein ciel” Tá cur síos tugtha aige dúinn ar a ghrá “i gcomhluadar na mbláth” (PSL 15) Ní hamháin go bhfuil sé dá cheiliúradh i suíomh “pasroelle” an dúlra ach dearbhaíonn sé go dtéann sí i bhfeidhm ar an dúlra féin Tá go leor cumhachta ag a cumhracht

A mealladh na bric

go dromchlá an uisce le fiosracht

a músclaíodh saithí beach

im chuisle chodlatach (PSL 15)

Leanann sé le meafar seo meafar na mbeach le dúnadh a chur leis an ndán

ina béilín meala

ag triall ar a coirceog (PSL 15)

Agus más neachtar atá ó na beacha is iad mianta a chroí atá ón bhfile Feidhmíonn  
íomhá na mbeach go héifeachtach lena phaisean a chur in iúl mar is sórt rince an tsaol  
atá ag dul ar aghaidh a chuireann seo trasna orainn Is aonad aon abairt amháin é an dán  
Arís is gnás an-éifeachtach é seo chun fuadar agus funneamh na mbeach a léiriú Ag an  
am gcéanna tá nóiméad amháin gafa i ndán ag an bhfile

Feictear an gnás seo, dán aon-abairte sa dán “Aimsir Chaite” Arís is dán é atá suite  
taobh amuigh Coill is ea suíomh an dáin Tá an file agus a iníon ag siúl le chéile, sa  
choill An Fómhar atá ann Cureann an séasúr seo de Paor ag cumhneamh ar a athair  
mar is cóta a athar atá á chaitheamh aige Cóta dubh stróiceadh atá ann agus i dteannta a  
iníne is é mac a athar é Is mór ag de Paor an leanúnachas ó ghlúin go glúin atá á léiriú  
anseo Is nóiméad “as am” atá léirithe aige anseo “Ní raibh aon chlog sa choill” (PSL  
42) Ní raibh tábhacht ag baint le ham bhí an saol ag dul ar aghaidh Bhí cóta a athar á  
chaitheamh aige agus bhí eisean ina athair ag a iníon Bhí an dúlra ag freagart don  
imeacht ama seo mar bhí dath na nduilleog athraithe toisc an Fómhar a bheith ann

is na céadta móimintí glasa

ag buíú faoi chois m’iníne (PSL 42)

Maidir le stíl nó cruth na ndán is é an dán “Suantraí” is mó ina bhfuil cruth an dáin ag  
freagart d’ábhar Is i bhfoirm an litir “C” atá an dán cumtha Tá codladh agus cruth  
corrán na gealaí á tharraingt ag de Paor, ag cur suan in iúl Má thagraítear do theideal an  
dáin “Suantraí” tagann páiste i gcliathán, fillte mar thoircheas, chun cumhne, mar sin an  
cruth atá ar an dán

I ndánta oscailte an chnuasaigh seo, léirítear dúinn mianta an fhir óig. Ins na dánta a chuireann críoch leis an gnuasach tá de Paor ag scríobh mar athair.

# CAIBIDIL A DÓ

*30 DÁN*

*Dá gcífeá anois mé*

### 30 Dán

Dá gcifeá anois mé a mháistir

Ghnóthaigh 30 Dán, an dara cnuasach de chuid Louis de Paor, Duais an Ríodánaigh san Oireachtas sa bhliain 1992. Faoin am seo bhí de Paor, a bhean is a gcuid páistí ag cur fúthu san Astráil. Tá roinnt de dhánta an bhailiúcháin seo lonnaithe san Astráil. Is é “Adharca Fada”, dán oscailte an bhailiúcháin. Is dán gearr é, dán aon-abairte a bhfuil gluaiseacht ag baint leis ó thús go deireadh. Is dán é faoin Earrach, agus an funneamh a thagann le dea-aimsir. Osclaíonn sé le flosc, le briathar, “Gíoscán cnámha na gcrann”(30D 1). Tá glór na gaoithe le mothú san fhocail “Gíoscán” (30D 1). In ainneoin an dáin seo a bheith gearr tá sé breac le briathra, briathra a chuireann gluaiseacht in iúl – “osclaíonn”, “ritheann”, “scoitheann”, “chnuasaigh” agus “siúlann”(30D 1). In aon nóiméad amháin, in aon ghníomh amháin, sé sin, oscailt an dorais, tá an méid sin funneamh ag dul timpeall 1 mí Feabhra! Tá tagairtí do bhrístí gearra, duine cosnochta, spleaclaí gréine agus raicéad leadóige, an Samhradh atá ann san Astráil agus murach go raibh éad ár ndóthain orainn tá an ghriain ag scardeadh “as buicéad /a chnuasaigh teas ar shleasa cnoic/ breac le toir finmúna”(30D 1). Tá saol deas cruthaithe aige anseo agus tá teideal an dáin ag teacht le sin. Tá a fhios ag muintir na hÉireann gurbh í Mí Feabhra an mhí is measa in Éirinn. Tá funneamh anseo, tá griain, tá teas. Bíonn “Adharca Fada” ar na ba thar lear. Abairt amháin atá sa dán ach é gearrtha ó thaobh íomhánna de ag cur in iúl go bhfuil go leor ar siúl agus méad na mbriathar curtha san áireamh éiríonn go héifeachtach leis flosc a chur trasna. Níl sé chomh soiléir gur don Astráil atá de Paor ag tagairt sa dán “Leanbaíocht”. Luann sé foirgnimh.

ag scrogall thar muintir a chéile

ag síneadh chun spéire (30D 7)

Is dócha gur féidir linn glacadh leis gur cathair áit ar bith atá i gceist Deir sé go

bhfuil an chathair uabhach as coincreíte Tá faoileáin anseo ag léim

mar a bheadh bróicéirí scriosta

as funneog lán de scamall (30D 7)

Aris tá de Paor ag baint feidhm as meafar ón dúlra Tá na “scamall” (30D 7) ag

freagairt do staid na mbróicéirí, sé sin “scriosta”(30D 7) Sa dara véarsa tá cur síos an-

dubh, duibheacht nach raibh le sonrú go dtí seo, ar pháiste atá san ospidéal Tá

fadhbanna fisiciúla aige, tá sé ag tarraingt “dallóg ar an lá”(30D 7) ag iarraidh

fillleadh ar bhroinn a mháthar

Tá an dán “Glaoch Gutháin” lonnaithe san Astráil freisin Sa chéad véarsa tá suíomh

cruthaithe, suíomh na hAstráile Mí Eanáir atá ann ach tá crann liomóin ag luascadh

agus tá an ghrian ag taitneamh Meafar coitianta go leor i bhfilíocht de Paor í an

ghrian ag insint dúinn go bhfuil an saol ag dul ar aghaidh go breá Sa dara véarsa tá

éin iontacha ag canadh, tá an saol go hiontach Ansin cloistear dó “do ghlór” (30D 5)

agus tá se curtha ar aghaidh ó shaol na gréine, saol na pearóide go saol cathrach “ i lár

portaigh”(30D 5) saol ina bhfuil droch aimsir curtha in iúl sa líne “i measc geansaithe

olna is gúnaí fada”(30D 5) Tá codarsnacht idir an dá thír sa chur síos a dhéanann sé

ar chrainn sa ghaoth

bhí crann liomóin ar chúl an tí

ag lúbadh faoi ualach solais (30D 5)

agus

is gaoth stollta

mar a bheadh gaotaire ramhar ón Meal Theas

ag rabháil tré ghéaga na gcrann (30D 5)

Ach cad a tharla dó i nóiméad lagaíochta? Tá ceol le clos i Melbourne, ceol ó cathair  
“an éisc órga” (30D 6), sé Cathair Corcaí, ceol “á sheinn ag méara meara/ ar uirlisí  
ársa”(30D 6) Tuigtear dúinn gurbh ánsa leis an dea aimsir sa Ástráil ach is cur síos  
an-ghrámhar ar an gceol “ríleanna báistí” (30D 6) agus “geantraí geimhrídh”(30D 6)  
Mar a deir sé tá sé “ag dornálaíocht le scáileanna mo chuimhne”(30D 5) Tá sé idir  
dhá chultúr, mórann sé an saol san Astráil ach cuireann sé in iúl freisin go bhful  
Oisín i ndiaidh na Féinneachas ag cur as dó freisin

Tá téama an bháis go tréann ina chuid dánta

Tá rud álainn Roald Dahleach ag baint le línte oscailte “Lá Fada”

Caithfidh go raibh an aimsir go maith

an mhairín sin mar bhíomar istigh sa chistin,

dá mbeadh sé fluich bheimis amuigh faoin gcioth (30D 27)

Is iontach mar a chuireann sé síos ar an tórramh ó thaobh na bpáiste de, páistí  
a bhí bréan bailithe

den lá leibideach, den naofacht mharfach

a smachtaigh an tigh le boladh coinne

is paidreacha dóite, bhí an mhairín chomh leamh

le hAifreann Domhnaigh (30D 27)

Bhí na páistí ag iarraidh rud ba dhúil dó a dhéanamh sé sin

go siúlfaimis amach tré ghleithreán

a croí ainrialta le clampar a dhúiseoidh

na marbh (30D 27)

Tá blas den ghreann dóite ag baint le híomhá na bpáiste ag múscailt na marbh tar éis  
maidin a chaitheamh ag guí ar a son

Sa dán “Searmanas” is saol agus bás a sheanathair atá mar ábhar aige. Sa chuid tosaigh den dhán tá sé ag cur síos ar roinnt deasghnátha nó “searmanais” a chleacht an seanfhear. Ba ghnáth dó buidéal portair a ól agus bhí “searmanas” ag baint lena oscailt agus ansin a ól. Bhí fuadar faoi ag lorg ocailteora, ag suí go sochar agus arís osna uaidh agus é ar tí óil. Déantar cur síos ar an bhfear seo i dtéarmaí fisiciúla agus i dtéarmaí talamhaíochta, mar a oireann do fhear a chleacht an fheirmeoracht.

Shuíodh sé i gcathaoir uileann

lúbtha féna chabhail mhórchnámhach

chomh socair le bó

nó coca féir i ngort istoíche (30D 28)

Is siombal é an buidéal, ar bhealach, don bhás nó don suaimeas a thugann an bás do dhuine mar eisean a chaith a shaol ag obair go dian.

chloisfí

osna faoisimh

an leanna dhuibh

mar a bheadh seanduine

tá éis aistir fhada (30 D 28)

Níor thug an Paorach buanna chun oibre feirme leis

Níl iarsma dá scil rúnda im lámh thuata (30 D 28)

Ach “ bhí foighne, féile is fíoch mo shinsear / ag borradh im dheasláimh inniúil”(30 D 29)

Tá sé deacair gan chomparáid a dhéanamh le dán de chuid Seamus Heaney

“Digging” Sa dán seo tá sé ag mórath cé chomh maith is a bhí a athair agus a sheanathair ag tochtail ach níor thug eiseann an tréith sin leis

The cold smell of potato mould, the squelch and slap

Of soggy peat, the curt cuts of an edge  
Through living roots awaken in my head  
But I've no spade to follow men like them

Maraon le de Paor tá dlúthbhaint ag Heaney lena shinsear Críochnaíonn sé an dán le comparáid idir an tochairt agus an scríobh

Between my finger and my thumb

The squat pen rests

I'll dig with it <sup>1</sup>

Tá an leanúnachas sin fíorthabhachtach i bhfilíocht de Paor Sa dán dar teideal "Seanchas" is gaol éigin leis ag a bhfuil seanachas an teidil Tá oscailt mhealltach leis an ndán bíodh is go rabhamar le bheith i dteannta senachaí agus sinn á mhealladh chun éisteachta

D'fhag sí boladh fuirseoige

is móin ag dó ar theallach oscailte

le scéalta aniar as clúid eolaí a haigne (30D 30)

Ach aithríonn cúrsaí agus tuigtear dúinn ansin cén saghas seanachais atá i gceist Tagann athrú ar na focail ach go háirithe Luaitear "oícheanta cuirfiú", "hairdeallach"(30D 30) Teanga nó friotal cogaidh ata in úsáid agus codarsnacht tréan idir na línte oscailte ag cur síos ar an teallach agus conas mar atá an teach agus na saighdiúirí tar éis dóibh teacht isteach ann

reibliúin gan mhúineadh ina dhiaidh sin

a thug caint gharbh is salachar na mbán

ar a sála isteach sa chistin sciomraithe

le drochbhéas is focail mhóra go maidin,

---

<sup>1</sup> *Digging Heaney* Seamus Death of a Naturalist Faber and Faber London 1989

Chuaigh a chumas scéalaíochta i bhfeidhm ar an údar Le seo a chur in iúl bainneann sé feidhm as íomhá an-neamhghnáth Deir sé gur chuir an tseanbhean seo bláthanna ag fás ina chuid cainte nuair nach raibh ann roimhe seo ach stroighín agus tarra

Chuir sí fiúise is buachallán buí  
ag gobadh aníos tre stroighín  
is tarra im chant (30 D 30)

Ach is “stair a cine” (30 D 30) a nocht sé i gclós na scoile lena

*“I’ll mobilise you, you bloody Blueshirt ”*(30 D 30)

Faighimid léargas ar shaol, gaol leis is dócha, sa dán “Tigh Iarbháis” Tá daoine ag glanadh tí tar éis do dhuine éigin bás a fháil ach tá ann go fóill di Osclaíonn an dán go han-díreach “Chonaiceamar claonchló a colainne stromptha/ ar an dtroscaán iasachta” (30D 31) Cuireann de Paor an bhean m iúl trí chur síos a dhéanamh ar na gnáth rudaí a dhéanfadh sí i gcartheamh a saoil

Bhraitheamar a scáil thromchosach sa chistin

Ag lomadh prátaí sa doirteal,

Ní hé go bhfuil siad ag cur ord agus eagar ar chúrsaí an duine mairbh ach táid, freisin, á glanadh ón dtigh ina raibh cónaí uirthi

Scuabamar is sciúramar is scríobamar  
an dusta déanach den tigh  
le Vim is uisce coisricthe, (30D 31)

Bhí dlúthbhaint chomh láidir sin ag an seanbhean leis an teach go m-eigean dóibh é, sé sin an teach, a mhúchadh

D’fhágamar an tigh múchta  
chomh glan le corpán cóirithe  
gan taibhse (30D 31)

Nuair a bhí an teach glanta acu, ní raibh sé glan sa ghnáth slí ach bhí gach rian den bhean glanta den teach freisin agus bhí sé “gan taibhse” (30D 31)

Is ar an gcorpán sa chónra atá an dán “Bréaga” dírithe Tá comparáid á dhéanamh aige idir an cónradh atá “snasta gan smál míchuma”(30D 32) agus an corp istigh atá “craptha le tinneas”(30D 32) Tá an chaoi go bhfuil an corp tite as a chéile ag cur as go mór dó agus tá seo léirithe sna línte deireanacha

Ní thiteann  
adhmad dúr  
as a chéile  
mar sin roimh  
dhul sa chre (30D 32)

Maireann adhmaid ach is é an duine ar a dtagann rianta an tseanaois agus meath Is féidir glactha leis na dánta deireanacha sa chnuasach mar shraith de dhánta agus baint acu go léir leis an mbás Cuirtear tús leis an sraith leis an dán “Lá Fada” , sé sin na paidreacha ar son na marbh, leantar leis i “Searmanas” ag cumhniú siar ar bheatha an duine marbh agus an gaol a bhí ag an bhfile leis, sa dán “Tigh Iarbhás” tá scarúint leis an duine i gceist, tá an duine á chur i “Bréaga” agus ag cur críoch leis an sraith tá “Cearta Talún”

Baineann an dán “Cearta Talún” leis an am “mí Aibreáin/bliain tar éis a báis ” (30D 33) Leanann an saol ar aghaidh Tagann athfhás an Earraigh ar an spás beag atá de cheart ag cailín aimsire atá curtha in Inis Cara Tá cumhne ag an abhainn ar an saol fadó ach leanann an abhainn, fásann bláthanna, tá “an bhólacht/faoi scáth na grann”(30D 33)

Seasann na línte deireanacha leo féin Tosaíonn siad mar a thosaigh an dán

I mí Aibreáin

bliain tar éis a báis,  
tá sméara neamhaibí  
go rábach ar sceach  
i mbéal smeartha na huaighe

Tá an dúlra ag glacadh seilbh ar a chuid arís Leanann an saol ar aghaidh Leis an  
Dán cuirtear críoch le haistear an bháis a rinne de Paor

Tá go leor dánta a dheineann múchadh ar chúrsaí cairdriúil Fear brúidiúil atá mar  
ábhar sa dán “Ailill agus a Bhean” Tá oscailt borb ar an ndán agus cur síos á  
dhéanamh ar fhear

a bhuaifeadh buille doirn go prap  
ar namhaid nó cara (30D 12)

Sa chur síos air baineann de Paor úsáid as focail throdacha “A sheasamh teann”, ná  
géillfeadh”, “a bhuaifeadh” (30D 12) ach in sa dá líne seo a leanas tuigtear méad a  
bhrúidiúileacht

a thabharfadh cluasóg do leanbh achrannach  
nó leadhbóg bhoise do bhean chlóchach

Leantar leis an cur síos air i véarsa a dó Dúnann an véarsa agus é i dteannta a mhná

nuair a shiúlann costrom i ndiaidh a mhná  
mar a bheadh gad  
ar a scornach  
scáinte aici  
á stracadh (30D 12)

Is ar ise a dhéantar cur síos i línte clabhsair an dáin Úsáideann de Paor focail cosúil  
le “foighneach uilechumhachtach” (30d 12) ag caint mar gheall uirthi Baineann sé

geit asainn le “gan trócaire” (30D 12) An é go bhfuil sé dár lámhsáil, ag iarraidh trócaire a bheith againn dó siúd? Líne leis féin, ar crochadh atá sa líne dheireanach

Cuirfidh sí a fear gan deoir (30D 12)

An fiú an fód a sheasamh muna gcruthaíonn tú grá 1 do shaol?

Tá oscailt bhorb, nach mbeifeá ag súil leis, agus an teideal atá ar an dán “Dán Grá”

Bímid ag bruíon

gan stad (30D 16)

Cuireann sé argóint in iúl trí línte gearra giorraisc a ritheann isteach dá chéile ag déanamh aithrise ar chaint ag pleascadh as béal duine gan srian gan smaoinreamh agus é 1 mbun argóna

Cloisim

focail mo bhéil

ag pleascadh ina

smidiríní gloine (30D 16)

Nuair atá an fhearg curtha de mothaíonn sé “chomh glan / le manach cruu”(30D 16)

Tagann an dán “The Poison Tree” le William Blake chun cuimhne in a bhfuil na línte

I was angry with my friend

I told my wrath, my wrath did end <sup>2</sup>

Críochnaíonn an file mar a thosaigh sé “ Bímis/ ag bruíon gan stad”(30D 16)

Ach tá sé tar éis athrú go dtí an Mhodh Ordaitheach

Agus cad a tharlaíonn dó nuair atá ise as baile? Is drámatúil ar fad é “Tréigthe” an teideal atá ar an ndán Bíonn sé ag brath go hiomlán uirthi siúd agus titeann córas an tí as a chéile

Nuair a bhíonn tú as baile

---

<sup>2</sup> Blake William *The Poison Tree* Songs of Experience London 1794

géaraíonn bainne úr sa chuisneoir,  
dónn tósta uaidh féin,  
balbhaíonn an guthán is  
cailltear fear an phoist  
ar a shlí chun an tí (30D 18)

Leanann sé leis an leath-mhagadh sa chéad véarsa Sa véarsa deireanach dearbhaíonn  
a ghrá di i bhfríotail a bhaineann leis na céadfaí

Sa doircheacht mheata bhalbh istigh  
fáiscim do chumhracht  
as brailín fhuar, (30D 18)

Tá dánta eile sa chnuasach nach bhfuil baint acu lena chéile ach táid gleoite Tóg  
“Timbriste” Tá teideal an dán an-chliste, giorrachán ar na focail timpist agus briste  
curtha le chéile Baineann an file úsáid as focal mar “sceon”, “critheann”, “léimeann”,  
“cromann”, “scairdean”, “imeagla” (30D 2) Cad atá ag crith ach dríosúr? Cad atá  
ag scairdeadh ach crúscín is citeal, is é an brat úrlár atá imeaglach Cén gníomhaí  
atá ciontach as na tarlúintí seo? Cé eile ach páiste? Tá cur síos ocsaímóránach  
úsáidthe don “sceimhlitheoir soineanta” (30D 2) Tá an páiste ag ithe calóga arbhair  
beag beann ar an scrios atá déanta aici Le cur síos a dhéanamh ar an scrios go léir  
baineann de Paor feidhm as focail “thábhachtacha” (30D 2) Cuireann an  
chodarsnacht seo idir an ghníomh agus na focail le greann an dáin  
Is é féin atá ar scoil sa dán “Ceartúchán” Rang a ceathair agus ré “sceoin” (30D 23) i  
réim Tá gach rud á chur de ghlanmheabhair Tá íomhánna an-ghéar á chur síos aige  
bhí fuarbholdadh cailce is sceon (30D 23)

Cuireadh an sceon i réim le bambú

bhí bambú fillte i bpáipéar rúthneach (30D 23)

don ghramaisc nár fhoghlaim a gceachtanna go beacht

D'úsáid an máistir an bambú chomh maith leis an spiorad naofa agus de Valera mar  
acmhainn múmteoireachta Ní raibh mórán baint le forbairt an duine ach

a mhúin dom uailmhian agus dul chun cinn,

drochmheas don mhall, don amadán (30D 23)

Cuireann de Paor deireadh leis an ndán le ceist don mháistir áirithe

Dá gcífeá anois mé, a mháistir,

do bhuachaill bán,

cad déarfá liomsa mar amadán?(30D 23)

Baineann de Paor feidhm as clabhsúr de cheithre línte a athraíonn fócas an dán

“Cartaí Poist” Tá trí véarsaí sa dán seo a chuireann síos ar shuíomh sa Ghréig

Éiríonn le de Paor ní hamháin an tírdhreach a chur in ár láthair ach tá fuaimeanna

agus dathanna a bhaineann leis an saol sa Ghréig le braith ann freisin Tarrainníonn

sé ar na céadfaí ar fad Sa chéad véarsa tá bád ag teacht chun cuain Tá cur síos ar

fhuaim na n-éan agus na ngabhar Tá an t-aer bán agus crainn líomóin atá ag fás ann

An t-aer ina chriathar bán

ag craos glórach na bhfaoiseán

os cionn an tráiléara

ag teacht chun cuain

is clogán gabhair

ag bualadh go toll

í measc na gcrann líomóin (30D 19)

Níl fráma curtha ag de Paor an an ndán Úsáideann sé friotal gonta, simplí, macánta

Táimid ann, í lár an suímh, í lár an dán gan stró ar bith Ach sna línte dheireanacha

feictear dúinn nach cuid den idil seo an file, ná sinne Is é an file atá tar éis an pictiúr

a tharraingt Tá sé ag cur a thaithí ar an suíomh ar chárta poist agus á sheoladh go hÉirinn

is seolaimid ár mbeannachtaí gréine  
ar chártaí poist go hÉirinn (30D 19)

30 dán atá sa chnuasach seo agus tá réimse leathan de théamaí clúdarthe aige Ina measc bás, grá agus leanúnachas

## CAIBIDIL A TRÍ

### *SEO. SIÚD. AGUS UILE.*

*An rud nach féidir, ní féidir é*

## *Seo. Siúd. Agus Uile.*

### *An rud nach féidir, ní féidir é*

Tá oscailt mhealltach leis an ndán “Fabhalscéal”, an chéad dán sa tríú chnuasach ó Louis de Paor Foilsíodh an leabhar seo i 1996

Nuair a chastar na cnoic ar a chéile  
sa chearnóg ar chúl an aonaigh  
labhrad canúint ológ is fraoigh  
na gcríonfhear ar bhinsí cloiche(SSAU 1)

Táimid, na léithreoirí, meallta ag liriciúlacht na bhfocal Tá an ghriam ag taitneamh Bhí saol thuas seal thíos seal ag na fir seo D’oibrigh siad go dian agus is obair feirme a chleacht siad I dteannta a chéile á “fiacail óir na gréine/ag glioscarnach ina mbéarlargar caice”(SSAU 1). Agus sinn meallta is iad an dá líne dheireanacha sa tríú véarsa a bhameann geit asainn agus a bhriseann ar an idil mar tá na fir ag fágáil slán lena chéile

le heagla gurb é  
an uair dheireanach é (SSAU 1)

Leanann de Paor leis an mbriseadh, an phreab seo sa cheathrú véarsa

Uaireanta is ea (SSAU 1)

Le líne gonta gearr amháin tá an bheo ina marbh Tar éis na cainte go léir beidh a mbéal líonta “le gobán cré is cloch”(SSAU 1) Nascann de Paor eilimintí sa chuid eile den dán Bhíodh na fir ag caint ach anois táid ma dtost Bhí siad ag obair ar an dtalamh ach anois tá a mbéal líonta le cré is cloch Ní ceart go mbeadh bainte asainn chomh mór sin mar

táid na fir ag insint scéalta faoin am atá thart Bhídís láidir ach táid lag anois Is críonfhir iad

Tá íomhánna reiligiúnda á n-úsáid ag de Paor Ní hamháin go bhfuil an clog ag fógart imeacht ama is fógra sochraide é freisin Tá an clog ag meánlae “chomh toll le buillí clog um mheán lae”(SSAU 1) Seasfaidh buan na cnoic, an chearnóg agus na binsí cloiche ach is iad na fir a bhásaigh

Is san aimsir láithreach atá an dán scríofa Seo líne oscailte “Nuair a chastar na cnoic ar a chéile” (SSAU 1), agus seo an líne a dhúnann an dán “ní chloistear clárchant na marbh”(SSAU 2) Tá seo ag cur in iúl gur chuid de leanúnachas an tsaol é an bás Dream eile a ghlacann leis an mbás mar chuid lárnach den bheatha ná mná na mBlaoscáidí mar a thagraítear dóibh sa dán “Piseoga” “Beidh a cuid féin ag an bhfarraige”(SSAU 19) an ráiteas a bhí acu mar léiridís mar a ghlacadar le bás a gcéilithe ar an bhfarraige

Teideal contrálta is ea teideal an dán “Creideamh” má ghlactar leis an bhfocal “creideamh” mar thagart don chreideamh Críostaíochta Mar a bhí an bhean atá mar ábhar an dán ag fáil bás thug sí cúl don “creidimh tanaí” (SSAU 22) a bhíodh aici agus “tharraing brat seascair piseog” (SSAU 22) timpeall uirthi. Luann sí go raibh “cailleadh ime” (SSAU 22) ag cuardach ina cuid balcaisí agus dúirt mar gheall air

gurb é gráscar na leanaí comharsan

a chuala sí ag crapadh ar an bhfunneog (SSAU 22)

Tá creideamh combhinsiúil curtha i láthair i bhfríotial mar “chreidimh tanaí nár théigh a craiceann oighreata” (SSAU 22), ach gurbh iad na piseoga a bhí mar “bhrat seascair” SSAU 22) aici Tá an dán roinnte i ndá abairt Baineann an chéad abairt le

creideamh nó athrú chreidimh na seanmhná San dara abairt, sé sin an dara chuid den dán, is é an file a ghlacann a creideamh ina “aigne ainchreidmheach” (SSAU 22)

Feidhmíonn cúrsaí creidimh mar ceangail idirghlúine

mar a gcóiríonn sí mo bheatha ó shin

lena lámha mná feasa a dhíbríonn

púcaí aingil is taibhsí rónaofa

is drochspriodeanna drochdhaoine mallaithe uaim

gach lá beannaithe dem shaol (SSAU 22)

Déantar athrá ar an teideal “Creideamh” ach is í gcomhthéacs diúltach a dhéantar an t-athrá “a creidimh tanaí”, “gan chreideamh” agus “ainchreideamh” (SSAU 22)

Cuireann athrá ar dhiúltú an chreidimh amhras í gceist agus trí ath-thagairt is ea a

láidríonn an creideamh búnúsach a chaith “sí” chuige

Tá dhá bhrí leis an bhfocal “iarlais” Tá iarlais na bpiseog agus tá an sean duine críonna caite Tá an dá bhrí ag feidhmiú anseo, tá “sí” críonna caite agus freisin tá sí ag athrú coirp

is shúil as an otharlann amach

isteach im aigne ainchreideamh (SSAU 22)

Is brí piseogach atá mar bhrí ar an bhfocal sa dán den teideal “Iarlais” Tá an file ag réiteach a iníon don fholcadh Go tobann éalaíonn sí uaidh “ag sciorradh/ar an úrlár sleamhain don bhfolcadán” (SSSAU 32) Gan choinne tá síse imithe agus os a chomhair feiceann an file an ghrianghraf cháiliúil ó Vietnam Thuaidh, grianghraf an chailín óg ag rith ó uafás an chogaidh

ghaibh an iarlais uimpe

cló mairneach m'ínine(SSAU 32)

Is é an tiarlais an malartú páiste ach freisin tá corp an chailín óig gonta go dona leis  
“agent orange “ a d'úsáid na saighdiúirí

Trí rann atá sa dán Sa chéad rann cuireann an file a míon i láthair agus freisin mar a  
d'éalaigh sí uaidh Athraíonn sé an suíomh mar go raibh ceamara in úsáid aige agus gur  
chnag sé é, “I bhfaiteadh/ na súl”(SSAU 32). Baineann sé feidhm as meafar an cheamara  
arís chun breith ar an nóiméad sin atá léirithe sa ghrianghraf

nuair a chaoch an ceamara

leathshúil dhall uirthi

mar seo (SSAU 32)

Tá níos mó ná an ghrianghraf cáiliúil sa rann seo áfach Tá sé lán d'imeachtaí Sciobann  
tiarlais a míon Tá an cailín ag rith, tá sí lomnocht, tá a fabhraí bainte di, tá súile an fhile  
millte Nílimid cinnte cá háit nó ar ché gur cheart dúinn ár n-aird a dhírú Téann an  
íomhá i bhfeidhm go mór ar an bhfile Ón nóiméad sin ar aghaidh aon uair a thagadh a  
míon chuige

ag scréacháil le tinneas

tá taise a cló buailte

ar do chraiceann fluch

loiscithe ag an uisce fiuchta

ag allas scólta mo shúl (SSAU 32)

Tuigtear dó gurbh fhéidir a míon féin a bheith i gcruachas an chailín óig i Vietnam  
Thuaidh Is míon na cruinne í an cailín óg seo Is íomhá uilíoch a chuireann i gcumhne  
dúinn gurbh iad na daoine soghonta is is mó a bhíonn thíos le cogadh

Dán deas símplí é “Finscéalta” Arís is iníon leis atá mar ábhar scríofa aige Níl an iníon seo chun a scéalta a chreidiúint, scéalta a úsáideann sé chun codladh a chur uirthi Tá nithe sceimhthile ina haigne nach féidir leis a dhíbirt Ní féidir leis aon rud a dhéanamh ach a ghrá di a chur in iúl

Éiríonn le de Paor fuinneamh agus síorghluaiseacht a ghabhann le cailín óg a ghabhadh sa dán ar a bhfuil an teideal símplí “Inghean” “Tá sí chomh lán de nádúr” SSAU 30) a deir sé fuithi Samhlaíonn sé í mar chruiscín lán de bhainne nó le buidéal lán uisce Dhá íomhá iad seo a chuireann duine beo beathaíoch in iúl

Scardeann sí áthas gan smál (SSAU 30)

Sa dara rann samhlaíonn sé í mar “curadhmhír an tsolas i mbasa/finéalta gan deoir a dhoirteadh” (SSAU 30) Íomhá a chastar go míme air i bhfilíocht de Paor is ea “solas” Baineann sé feidhm as chun áthas a chur in iúl

Bristear ar an gcéiliúradh , céiliúradh ar a iníon, lena eagla féin Tá mar a bheadh eagla air breith ar an áthas atá síse ag iarraidh a thabhairt dó Ach murach í ní bheadh sé toilteanach “seile cuaiche” (SSAU 30) a ligmt ina ghlac Tá an nath “murach í” (SSAU 30) mar líne chlabhsúir Ag seasamh leis féin ar dheis díríonn sé ár n-aird air agus an tábhacht a bhaineann leis an áthas atá á scaipeadh aici

Cé go bhfuil iníon leis mar ábhar don dán “Ginealach Súil”, tá an-dífear idir an dá dhán ó thaobh íomhánna de Cur síos ar na nósanna atá coitianta idir máthair agus iníon atá mar ábhar ann.

Ar nós do mháthar  
romhat tá glasúame  
do dhá shúil tincéara

chomh híogar nádúrtha

chomh húr

le bualtrach bó (SSAU 40)

Baineann an chomparáid dheireanach geit asainn Leanann sé seo sa véarsa deireanach

Go gcacfaidh tú

sconna buinní gan stop (SSAU 40)

Baintear geit asainn mar ní focla iad a chuirfeá le hathair agus é ag caint faoina iníon Tá, b'fhéidir, míniú don chaint gharbh seo sa líne dheireanach Líne aonfhocal atá ann agus is é “róbhog” (SSAU 40) an focal atá i gceist Is a croí atá bog, róbhog Tá an focal “róbhog” (SSAU 40) leis féin ag deireadh an dáim Cuireann sé cuma an leochaileach in iúl agus táid na focail, mar an cailín, gan chosaint An méad sm ráite tá rud éigin neamhoiriúnach m úsáid na bhfocail, “go gcacfaidh tú/sconna buinní gan stop”, (SSAU 40) agus file ag caint faoina iníon

Mar a fheictear dúinn i roinnt dá dhánta is mór ag an bPaorach an leanúnachas ó ghlúin go glúin Déanann sé inúchadh ar ghné eile den cheist seo sa dán “Didjeridu” Is uirlis ceoil é an didjeridu a bhaineann le muintir dhúchasach na hAstráile Ní luíonn a fhuaim go nádúrtha ar chluasa áirithe, na cluasa nach bhfuil chomhstair acu leis, lucht meallathe naitheacha nimhe ná an dream gur mhaith leo a bheith “ag steip rince ar leac”

Tá, áfach, cailíochta ann féin ag an ndidjeridu

cuirfidh sé ealra liréan

ag neadú i measc na gcuach

id chlaon fholt cam

gorma

pearóidí      dearga  
                  glasa            (SSAU 10)

Tá rithim briste na ranna seo ag freagairt do rithim briste an ghléas ceoil mar a chloistear dúinn é

ná tuigeann do chroí  
gall ghealach bán (SSAU 10)

Mar is “ceol stair a chine”(SSAU 10) atá á sheinnt ag an ndíjridu

Tá a stair féin á ríomh aige sa dán “An Seomra Codlata”, ní stair a chine ach stair a chlainne, a mháthair ach go háirithe Tá sí curtha in ár láthair i riocht údarásach

D’oibrigh a “focal crosta” mar “ghlas ar an ndoras” (SSAU 27) Ach d’éalaigh na páistí agus isteach leo sa seomra ina raibh pictiúir den chroí ró-naofa “chomh díomach le máthair na Garda” (SSAU 27) Ní leor iad mar tá litir ón bPapa os a cionn

mar a bheadh fógra i ngort  
ag fógairt stróinséirí amach (SSAU 27)

Cad atá a ghárdeáil acu? In ainneoin an chosaint ar an seomra d’éirigh leis na páistí dul isteach ann Tosaíonn siad ag cuardach san “seomra doiléir” ian bhfuil “an t-aer stáilaithe”(SSAU 28) Caithfidh go bhfuil rún sa seomra “codladh” seo Cruthaíonn de Paor teannas mar tá a fhios againn go n-aimseofar rud éigin ach táimid leathbhealach tríd an dán sular

“D’éirigh stua ceatha nuair a chonac/na grianghrafanna” (SSSAU 28) Is grianghraf dá thuismitheoirí atá ann Tá pictiúir eile aige ar a mháthair mar tá sí gléasta go hálainn

mo mháthair i ngúna galánta  
chomh mín síodúil (SSAU 28)

Ní hé an grianghraf amháin ón am seo atá curtha i dtaisce ag na tuismitheoirí

I gcúl an tarraiceaáin / i dtaisce

i seodbhosca mo mháthair –bróistí,

breasláidí, fáinní óir is is airgid – (SSAU 29)

Níos suimiúla ná teacht ar na nithe seo is ea an ráiteas mar gheall ar chonas a chuir a

mháthair a suim ina léithéid di

taibhrí a bhain sí de réir mar bhain na blianta

a mianta luachmhara dhí (SSAU 29)

Tá curtha síos aige ar an seomra seo mar sheomra “doiléir” ach mar chodarsnacht ar sin,

tar éis dó teacht ar iarsma den saol a chaithidís, tá solas sa seomra

Ar oscailt an dorais

nochtamar dorcláí geala

shíúlamar tré rumanna / aeracha (SSAU 29)

Cad ba chúis leis an fáth “a thréigeadarsan” an saol a bhíodh acu? Dearbhaíonn sé gurbh

é teacht na bpáiste a d’athraigh cursa

uair a thugamarna ár dtrioblóidí beaga

i mbróga salacha tré halla bána

a ndomhain gan smál (SSAU 29)

Léiríonn sé dhá íomhá dá mháthair, an bhean san seomra aerach agus síoda á chaitheamh

aici. Ach mar mháthair deir sé go raibh sí “crosta” agus go raibh an seomra “doiléir”

Teastaíonn uaidh éalú sa deireadh ach ní féidir leis

is nárbh fhéidir liom éalú

tá m’aigne i ngreim, (SSAU 29)

Tá a aigne i ngreim leis an am atá caite, tá bosca Pandora oscailte aige

ní féidir an doras

a tharrac

im dhiadh (SSAU 29)

Seasann na focail “im dhiadh” (SSAU 29) leo féin le béim a chur ar chonas nach féidir leis cúrsaí an tsaol atá caite a chur de Tá an saol sin mar oidhreacht aige, mar chuid dá dhúchas agus tá anois a pháistí féin ag corraí ar bharr staighre Is mór ag de Paor an leanúnachas seo

Airim cheana

cogarnach leanaí

i mbarr an staighre,

ní féidir liom corraí (SSAU 29)

Is stair a chlainne féin atá á chioradh aige sa dán “An Seomra Codlata” Is stair ár sinsear Éireannach a cuireadh mar phionóis chun na hAstráile agus atá curtha san relig ar “Oileán na Marbh”, atá á chioradh aige sa dán “Oileán na Marbh”

Osclaíonn an dán seo go borb, gan mhaisiú

Tá aghaidh na leac

ó thuaidh ar Shasana (SSAU 3)

Is dúil dóibh a bheith chun tosaigh mar b’iad a bhí i gceannas

Sínte anso tá oifigigh

airm is a muintir (SSAU 3)

Ach ní ag ceilúradh ná ag comóradh a mbeatha atá an Paorach Nochtann sé a dtuarimí i leith na tíre seo (An Astrál) sa chéad véarsa

mar a chasan domhan

thuathalach ar a fhearsaid (SSAU 3)

Ní rabhadar (na Sasanaigh) in ann glacadh gurbh iadsan a bhí tuathalach sa tír seo

firéin abhí dilís do ghlóir

an Rí (SSAU 3)

Chuirfí nath cainte mar “do ghlóir/an Rí” (SSAU 3) de ghnáth le cúrsaí reiligiúnda

Baineann sé feidhm as íomhá reiligiúnda sa tríú véarsa agus é ag caint mar gheall ar na saighdiúirí céanna

a chonaic briathar Dé

ar bhéala daoine ag

fiaradh dán an duine (SSAU 3)

Úsáideann de Paor na focail “Uaislíonn”, “cancar an uabhair”, agus “poimp” (SSAU 3)

agus é ag cur síos ar na hoifigí ach táid “sinte” agus tá “na cnumheanna / ag lúbarnaíl tré chriathar conablaigh”(SSAU 4)

Sa chúigiú véarsa luann sé arís an chaoi go bhfuil na leac ag féachaint ó thuaidh ”na leac a/ fhéachann de shíor ó thuaidh” (SSAU 4) Ní raibh aird na saighdiúirí dírithe ar an dtír ina rabhadar Bhí a gcroíthe dírithe ar Shasana, a dtír dúchas mar is ar son an tír sin a bhíodar san Astráil

Leanann de Paor leis le cur síos ar leaca na saighdiúirí Baineann sé feidhm as focla gonta, borba a chuireann buíon saighdiúr ag mairseáil in iú

chomh díreach le drom

chomh ríghim le haigne

saighdiúra nár cheistigh

an reacht a cheadaigh a  
racht (SSAU 4)

Le rithim rialta na línte déanann sé aithris ar mhairseáil shaighdiúirí Ní hamháin go bhfuil an mairseáil rialta seo léirithe aige ach freisin an aigne “righin”, neamhlúbtha a théann le harm ar bith Cuireann sé ina leith freisin gurbh déithe a cheap siad a bhí iontu trí athleagan a dhéanamh ar an Pater Noster –“gur deineadh a thoil/ar thalamh” (SSAU 4) Tá dhá chuid leis an dán agus le briseadh a dhéanamh idir an dá chuid baineann de Paor feidhm as guth treoraí Caithfidh gur ar thuras treoraíthe a bhí sé nuair a spreagadh chun pinn é:

“Ba bhuachaillí dána iad  
Ab éigin a cheartú” (SSAU 4)

Sin iad na focail a labhrann an an treoraí, mar gheall ar na cimití Feidhmíonn an véarsa seo ar leibhéal eile Cruthaíonn sé deighilt idir an dá thaobh sa reilig Is guth údarásach é guth an treoraí Tá a aigne righin mar a bhí aigne na saighdiúirí righin Níl aon amhras orainn faoin meas nó easpa measa atá ag de Paor ar an dume seo Is iarshaighdiúir é, lena bhróga snasta agus a “ingní sagart”

a chaint chumhra  
ag bréanadh an aeir (SSAU 4)

Tá nimh cruthaithe leis an gcodarsnacht idir “chumhra” agus “bréanadh”

Tá na cimití curtha mar a mhaireadar  
ar thochtanna ró-chúng  
a dhoirtfeadh le falla  
dá mba chorrach a suan (SSAU 5)

Friotal a bhaineann geit asainn ná “teicneolaíocht chráifeach” (SSAU 5) Dhá fhocal,  
dhá choincheap ná chuirfeá le chéile

Baineann de Paor feidhm as siombalachas críostaíochta, ach go háirithe coincheap an  
fhualaingt fhisiciúil mar mhéan chun a bheith slánaithe, sa bhrí reiligiúnda de, ar an  
ndomhan seo

Tá na cimití curtha in ár lathair mar dhream a bhí thíos leis an “teicneolaíocht chráifeach”  
(SSAU 5) Bhí fealsúnacht ag an arm Bhí siad ag iarraidh go mbeadh na cimití mar  
“macsamhail Dé” chun iad “a shaoradh” (SSAU 5) Chun seo a chur i gcrích  
chaitheadar go crúáileach leis na cimití

Chaitheadar leis sin

lasc an tsaoiste mar

léine róin

chun teacht ar eithne

Chríost arna chéasadh

istigh

Arís is i bhfriotal reiligiúnda atá an chrúálacht curtha i lathair Agus ní fada as sin chun  
comparáid a dhéanamh idir a bhfualaingt agus fualaingt Chríost

Dúnann an chuid seo den dán ar nóta coimhthíoch, eisiceach

Tar éis a

ndíchill níor fhan

a rian Tiarnúil sa

neamhrud, neamhdhuine

gan ainm ar uaigh

gan leac Ní fiú

guí le hanam ainmí

Tá na focail seo chomh duairc dorcha sin nach músclaíonn sé aon bhádh ionainn dos na daoine atá curtha Fágтар sinn gan aon mhothúcháin ar chor ar bith

Leanann de Paor leis ag cur síos ar Éireannach faoi leith a mhair go haonarach ar oileán ag tabhairt aire d'uaigheanna na marbh Sa chuid seo baineann sé úsáid as íomhánna

reiligiúnda chomh maith Dar leis is duine “Duine simplí le Dia” (SSAU 6) é Barren

Deir a chompánach le de Paor

“Ba chóir dul ar do

ghlúine ag guí san

áit bheannaithe seo,” (SSAU 7)

Tagraíonn sé freisin d'iompair croise, arís tá an Paorach ag baint feidhm as íomhá

Críostaíochta na croise chun fulaingt daoine neamhurchóideacha a chur m iúl

is lean

orthu arís ag iompar

a geros gan chúnamh nó gur

dhangnigh casúr an tsiúinéara

a ngéaga brúite fé chlár (SSAU 8)

Is é nuair a léann sé na hainmneacha, sloinnte as Éirinn, is ea is glacann de Paor

comhairle a chara

a

umhlaíonn mo cheann

is mo ghlúin righin

le paidir chun talaimh (SSAU 8)

Feictear dúinn cheana gur meafar ag an Paorach “solas”, a úsáideann sé chun nithe áthasacha an tsaoil a chur in iúl. Sa dán gleoite “Fuineadh” tá sé ag iarraidh solas a choimeád, a chaomhnú, don tréimse de dhroch aimsir an Ghreimhrídh. Sa chéad véarsa tá íomhá álainn cruthaithe aige. Ba bhreátha leis an mín a leathadh ar arán.

Arís inniu tá solas chomh mín

gur dheas leat a leathadh

ar arán ón oigheann

a leáfhadh ar nós abhlainn

ar do theanga

nó a chur i gcróca

ceirín a bhainfidh nimh

an amhrais as aigne dhorcha

in aimsir mhorgthach an Gheimhrídh (SSAU 9)

Tá símplíocht na liricí go hálainn, ní gá imúchadh ar bith a dhéanamh orthu.

Léiríonn seo an réimse fhairsing filíochta atá sa chnuasach seo. Tá ábhair dhánta an domhain aige mar “Oilean na Marbh”, tá liriciúlacht dár mar “Cartaí Poist” agus tarrangeacht uilíoch dán mar “An Seomra Codlata” go léir sa chnuasach seo, *Seo Siúd Agus Uile*.

# CAIBIDIL A CEATHAIR

*CORCACH*

*Agus Dánta Eile*

*Fuar fliuch ar French's Quay*

## ***Corcach agus Dánta Eile***

### **Fuar fliuch ar French's Quay**

Foilsíodh *Corcach agus Dánta eile* sa bhliain 1999. Seo é an ceathrú cnuasach ó Louis de Paor, agus arís is é Coiscéim a d'fhoilsigh é. Tá de Paor agus a chlann tar éis filleadh abhaile ón Astráil. Tá sé oiriúnach mar sm go mbaineann an cnuasach seo lena chathair dhúchais, Corcaigh.

Tá de Paor ag baint feidhm as an dá bhrí atá leis an bhfocal “Corcach”. Tá seo deimhnithe aige ar an gclúdach. Is bréag léarscáil den chathair atá ann agus míniú ar “Corcach” bainte ó fhoclóir an Dinníng, Corcach an chathair agus corcach an portach. Is “Corcach” an t-ainm atá ar an gcéad dán sa chnuasach. Osclaíonn sé le cur síos ar cheantar na gcéanna ach ní pictiúir rómánsúil a chruthaíonn sé, a mhalart atá ann. Osclaíonn an dán go tobann, neamh trócaireach.

Bhí sé fuar fliuch  
ar French's Quay  
is mé ag triall arís  
ón mbaile,(CH 1)

Cruathaíonn sé íomhá de chathair atá suarach gránna, “bhí fáinne tarrthála/scórtha dá chuaille sclogphiopaí an Bhardais feamainn bhruscair madraí báite (CH 1). Má táimid ag súil le faoiseamh ón ngránneacht agus é ag tagairt don fharraige, tá dul amú orainn. Cá dtéann an fharraige ach “i dtreo an Phasáiste Thiar”(CH 1). Tá cathair os ár gcomhair atá ag féachaint isteach inti féin. Níl baint ag an bhfarraige leis an saol

mór ach leis an saol áitiúil. Cuireann sé trasna orainn an chlástrafóibe a bhaineann leis an gcathair sna línte seo

Bhí cúl na cairte

chomh cluthar le cistin,(CH 1)

Is an t-athrá ar “c” a chuireann in iúl ní hamháin Corcach ach “cluthar” ag baint leis. Ní ghnáthach do chathair a bheith curtha i gcomparáid le “cistin”, saol chompórdach ach anchúng. Tar éis tamaill a chaitheamh ann bhí “stuaiceanna eaglaise / is bóithre iarainn”,(CH 2) gnáth strúctur cathrach, ag feidhmiú in aigne an fhile, mar phortach “m uachtar arís ionam fhéin”(CH 2)

Tá coimhlínt láidir léirithe aige sa véarsa deireanach. Is í an chathair bunús na coimhlínte. Is í an áit “dar di mé” ach is portach í freisin agus caithfidh sé imeacht uathu.

B'fhada lom go dtréigfinn

sara gcaithfeadh an grá

a dhá lámh

timpeall mo mhuiníl

dom tharraingt síos

go tóin an phoill abhaile (CH 2)

Tá gach véarsa scríofa san aimsir charite ach is í an mhodh coinníollach a úsáideann sé sa véarsa deireanach. An é go bhfuil leisc air Corcaigh a thréigint?

Tréigint nó fágaint an téama atá sa dán “Gaul Cross”. Arís is i gCorcaigh atá an dán suite. An uair seo is é cathair na reibiliúnaí atá faoi chaibidil aige. Tá na hathracha ag fágáil agus is iad na mátharacha atá ag olagóin. Tá eiseamláir Tomás Óg Mac Curtáin á leanúint ag fir na cathrach.

chonaic an tsúil i gcúl a chinn

Tomás Óg Mac Curtáin

ag síúl ar aghaidh an tí

Tagraíonn de Paor don Leabhar Gabhála Le seo tá stádas claisiceach tugtha aige do reibiliúnaithe na cathrach Is ar Bhéal Feirste atá ár n-aird ins na línte seo a leanas mar is iad muintir na cathrach sin a bhual clabíní na mboscaí bhruscair nuair a bhí rábhadh le tabhairt acu le linn na trioblóidí sa chathair sin

Chuala sé uair na máithreacha

go léir ón lá sin sa tsráid

chomh garbh le clabíní bruscair á ngreadadh

ag glaoch abhaile ar an macra

Is é oidhreacht , nádúr na bhfear seo go bhfágdaís an baile D’fhág athair an Phaoraigh agus fágann eisean

nuair a shiúlaíos an droichead anonn

ar mo shlí go haerfort na Sionaine

ar thóir m’athar

Tréith reibiliúnaigh na cathrach a scrúdaíonn sé sa dán Is i suíomh clasaiceach a lonnaíonn sé na fir a thréigeann a mbaile ach fiú le stadas laoi ch bronnta orthu fós tagann an gnáth shaol laethúil i gceist Bhí duine ag fágáil ach “Bhí a bhalcaisí Domhnaigh/ nua iarnáilte”(CH 3) Tagraíonn sé do chath a tharla in “úllord/láistiar/de Réalt an Iarthair”(CH 3)

Sa dán a thugann teideal don chnuasach “Corcach” is iad “stuaiceanna eaglaise”(CH 2) ceann de na fáthanna a bhíonn air an chathair a thréigint Tá tagairtí reiligiúnda fite fuite

sa chnuasach seo In “Thar Am” “Bhí sí déanach ariamh” (CH 5) na focla a osclaíonn an dán A mháthair is dócha atá i gceist, mar táid déanach “ag triall, ní foláir, ar Aifreann a haondéag” (CH 5) Tá an dán ag cur thar maol le tagairtí do chlog, ag cur imeacht ama agus rialú na heaglaise m iúl Bhí “draibhéir chomh righin le líne ón mBíobla” (CH 6) Tá sí marbh sa véarsa deireannach Arís baineann de Paor úsáid as íomha reiligiúnda mar bhí a béal anois ciúin mar

siosarnach na leathanach

i leabhar urnaí

a croí buathe

ag buile an chloig (CH 6)

Léiríonn de Paor a thuiscint ar bhean ón Rómáin atá ag iarraidh déirce san ardeaglais i nGaillimh, cathair na dtreabh Sa dán “Daoine Uaisle” tagraíonn sé do Chromail agus do mhuintir Chonamara, atá ina dteifigh toisc polasaithe athlonnú Chromail Anois táid agus a “port feadóige” (CH 13) mar theifigh i gCathair na Gaillimhe Tá sí ag iarraidh cás na mná Rómánach a scríobh i gcomhthéasc stair na hÉireann Ní trí dhearmad atá tearman á lorg ón eaglais aici

Is in reilig atá an file sa dán “Leipreacháin”, an file mar “ainchreideach (CH 30) m áit an-chráifreach Ón dtús tá a fhios againn go bhfuil sé ag labhairt i nguth máguil, tá sé seo soiléir ón dteideal “Leipreacháin” Sa chéad líne tá codarsnacht cruthaithe aige idir an “ainchreideamh” agus é le “greim docht ar a aingeal coimhcheachta” (CH 30) Tá, freisin, guth cimiciúil sa chur síos a dhéanann sé ar leacacha a bhí mar

comharthaí bothar i dtreo na bhFlaitheas

a chuirfeadh andiagáí ar strae

le paidreacha a bhréagnaigh an bás (CH 30)

Tarlaíonn eachtra dó mar a tharla do Naomh Pól ar bhóthar Damascus

is lean dá chúrsa díreach

gan sracfhéachaint soir ná siar

gur chas a rúttín

Ní féidir go bhfuil sé i ndáiríre mar is sean leac a bhain tuisle as agus tagairt air do

chapall “Stumbler” Deir sé gur baineadh “tuisle dá shiúráil réidh” (CH 30) Tugann sé

beocht is beatha don marbh atá “ag caochadh súl leis an aindiagaí ainchinnnte” (CH 31)

Is dóigh gurbh é teideal an dán a stopann sinn a bheith ró-dháiríre faoin an dán seo, dán

a chasann smaointe faoi chreideamh bun os cionn Cailleann ainchreidí a mhísneach

Má tá magadh i gceist i “Leipreachán” tá de Paor an-dáiríre faoin móradh a thugann sé

do Rory Gallagher Ainm simplí leis an ndán sé sin “Rory” Glacann de Paor leis gur eol

dúinn go léir cén Rory atá mar ábhar sa dán Is dia é sa dán seo mar atá soiléir sna línte

deireannacha

an tslua ‘tá buailte le stáiste

ag glaoch isteach ort ndoircheacht

Rory

Rory

Rory

An gcloiseann anois ár nguí (CH 34)

Go mion minic ina chuid filíochta déanann an Paorach iníúchadh ar chúrsaí oidhreachta

nó leanúnachais, ní ar bhonn náisiúnta ach leanúnachas ó ghlúin go glúin i gclann

Feictear dúinn conas mar a phléigh sé an téama seo sa dán “Gaol Cross” Rinne sé miúcadh ar oidhreacht chathrach agus freism ar oidhreacht i gclann sa chathair sin Is a athair críonna atá mar ábhar aige sa dán “Síoda na mBó” Cuirtear an seanfhear in ár láthair in íomhánna a bhaineann le ré atá thart

i ré na clochaoise

sa seid réamhstairiúil (CH 7)

Tá an seanfhear ag crú, lena lámh, seanbhó ach níl sí ag táladh léi Tá iarsma de línte de sean amhráin sa dán Is é “Síoda na mBó” teideal an dán agus is é céad líne an amhráin, “A Dhroimeann Donn Dílis”, a tháinig chugainn ón mbéaloideas, é freisin

A Dhroimeann Donn Dílis, a shíoda na mbó

Sa véarsa deireanach tá an seanbhó curtha “i dtrucail donn/dílis an tseamhais” (CH 7) Más íomhá ar shaol atá cainte í an seanbhó is íomhá is dócha an t-éitleán “EI 132” ar an saol comhaimseartha, saol nach ndeachnaigh an tseanfhear i ngleic leis ar chor ar bith “spéir-each” (CH 8) an focal atá aige ar éitleán sa dán “Oisín” Ag cíoradh an gaol atá idir é agus a athair atá sé Tá macalla dánta le Seamus Heaney le sonrú sa dán seo

ná chonac mo scáil

giortaithe id shúil (CH 8)

Agus

bhí do scáil rómhór

dom ghualann (CH 8)

Sin a scríobh de Paor agus seo mar a chuir Heaney<sup>1</sup> an mothú céanna, sé sin go bhfuil mac ag feidhmiú faoi scáil athar

All I ever did was follow

---

<sup>1</sup> Heaney, Seamus *Death of a Naturalist* Faber and Faber London 1966

In his broad shadow round the farm (Follower 19 – 20)<sup>2</sup>

Tá an bheirt fhíle ag tabhairt léargais dúinn ar an gcaoi a raibh scáil a n-athracha dá dtionlacan tríd a shaol Tarlaíonn, áfach, malartú róil do Heaney

But today

It is my father who keeps stumbling

Behind me, and will not go away (Follower 22 – 24)<sup>3</sup>

Níl réiteach mar sin ag de Paor Nuair a fhilleann sé ón Astráil fós tá scáil a athar “rómhór dom ghualann” (CH 8)

Scrúdaíonn Heaney téama an leanúnachais sa dán “Digging”

By God, the old man could handle a spade

Just like his old man (Digging 15 – 16)<sup>4</sup>

Ach ina chás siúd bristear leanúnachas i slí amháin

Though living roots awaken in my head

But I’ve no spade to follow men like them (Digging 28)<sup>5</sup>

Ach tagann, ar deireadh, ar réiteach ar an mbris Baineann sé feidhm as meafar an

“spade” agus an tochairt a ghabhann leis sin chun a chur in iúl go bhfuil sé ag leanacht a athair cé go bhfuil urlisí diffriúla acu

Between my finger and my thumb

The squat pen rests

I’ll dig with it (Digging 29 – 31)<sup>6</sup>

---

<sup>2</sup> Ibid

<sup>3</sup> Ibid

<sup>4</sup> Ibid

<sup>5</sup> Ibid

<sup>6</sup> Ibid

Más é athair Sheamus Heaney atá ag stamrógáíocht leis i ndiaidh a mhic tá scáil athar an Phaoraigh fós “ró-mhór/dom ghualainn”(CH 8)

Má bhaineann Heaney feidhm as “spade” mar mheafar ar obair nó slí bheatha baineann de Paor feidhm as fiacal chun tréith phearsanta a leanann ó ghlúin go glúin a chur in iúl Is sa dán “Oidhreacht” atá seo á míúchadh aige Tá “starrfhiacail chlaon ó thaobh mo mháthar ionam” (CH 44) I véarsa a trí “tá fiacail ar sceabha/i ndrad mo mhic” (CH 44)

Feidhmíonn an fiacail mar chomhartha oidhreachta agus mar ghléas críonnaíochta

Cuirim ordóg ramhar

fé fhiacail na feasa (CH 44)

Ní féidir éalú ón oidhreacht Baineann de Paor úsáid as focail cosúil le “bollán”, “oghamchloch”, agus “gallán” (CH 44) chun cur síos ar an bhfiacail, focail a chuireann ársaíocht, seanachas agus buanaíocht in iúl Treisíonn na siombail seo línte oscailte agus bunsmoineamh an dán

Ní féidir é a bhogadh

an braon fola a doirteadh

ó thaobh mo mháthar ionam (CH 44)

Tá sraith de dhánta sa chnuasach seo a dhéanann céiliúradh ar iompar agus breith linbh Níl tús ná críoch leis an dán “Uabhar an Iompair” Níl lánstad ar chor ar bith sa dán, nóiméad as am b’fhéidir nó síoraíocht an tsaoil léirithe i mbreith linbh Tá croí an dán, agus an file, tógtha le cruth na mná agus na hathraithe atá ar a corp Tá focail a thosaíonn le “c” go pras sa dán – “do chruth”, “do chló”, “do chom”, “ag céiliúradh” “do chiotóg”, “le clár”, “le crann” agus “do chionn” (CH 21) Tá an t-athrá ag cur béime ar chorp na mná agus conas mar atá sé ag méadú

Síneann sé an bunsmaoineamh seo, sé sin an t-athrú chrutha, isteach sa dán “Deireadh Líne” Tá sé ag díriú ar athrú stíl éadaigh Tá an t-athrú éignteach toisc í ag méadú

Ní raghaidh sé ort níos mó,  
an gúna scoilte dlúthleacraiceann (CH 22)

Sin na héadaí a chaitheadh sí ach anois

Tá sciorta fada ag slaparnach  
led cholpaí ata (Ch 22)

Tugann de Paor cur síos dúinn ar a bhean agus í torthach Cuireann sé a míchompord leis an teas, conas a dhéanann sí dearmad ar nithe m ár láthair Idir dhá véarsa cuireann sé a ghrá di m iúl

Is an corp  
mar ghéis im cheann dar thug  
mo chroí a ghean síoraí

Ní féidir ach ealaí W B Yeats sa dán “The Wild Swans at Coole” a thabhairt chun chumhne Is siombal é an géis, an eala, sa dán seo, don ghrá síoraí

Their hearts have not grown old  
Passion or conquest, wander where they will,  
Attend upon them still (The Wild Swans at Coole 22 – 24)

Tá de Paor ag imirt le teideal an dáin Tá deireadh le líne fhaisín agus tá deireadh le líne na claimne Ní bheidh páiste eile acu

ní chuirfidh tú ort níos mó,  
aintiranas mo shúl a leag crios  
caol crua ar do ghéaga móra

Tá rud éigin an-mhacánta, an oscailte ag baint leis an dán seo Cuireann sé cineál de náire orainn mar tá sé chomh pearsanta, chomh amh, leochaileacht sin Agus a bhean ag saolú an línbh sa dán “Sa Bharda Seoil” cruthaíonn sé codarsanacht idir eilimintí na nua-theicneolaíochta agus gníomh nádúrtha na breithe

sreangurlabhra

a rúnscribhinn

Lochlannach (CH 24)

Is rún dúinn an nua-theicneolaíocht Déanann sé comparáid idir chorp a mhná agus rón Is meafar í an fharrage ag seasamh don bhealach taistil atá ag an leanbh

Réabann tú doras

an tsaoil fothoinn,

ag tafann le pian an aistir (CH 25)

Tá a lán tagairtí sa dán do nithe a bhaineann le huisce agus an fharrage Ina measc tá, “sna caochphoil”, “is meachain an aigeán”, “doras an tsaoil fothoinn” agus “craiceann na mara” (CH 24 – 25) Téann ar n-aird ar ais go teideal an dáin, “Sa Bharda Seoil”

Feiceann sé a bhean ag seoladh línbh Tá an-chlisteacht teanga sa líne a dhúnann an dán

Tá aonfhocal cumtha aige leis an dá fhocal eisigh agus iníon

a sciúrann

smál an tsinsir

dem chroí eisíon (Ch 25)

Tá iníon ar an saol sa chéad dán eile “Ceas Naíon” Tá ceiliúradh ar a breith i bhfoirmli scéal laochais Luann sé “píanta Uladh” (CH 26) a d’fhualaing a bhean agus tugann sé stadas laoiach di tar éis an gníomh atá déanta aici

mo bhean ghaoil  
ag cur straein ar a croí  
chun mullán nárbh fhéidir  
le trí chéad fear a bhogadh (CH 26)

Nuair a saolaíodh an leanbh deir sé “tháinig aois Fhionnuala”,(CH 26) mar gur mór dhuine staire í Cuireann sé a bhean i gcomparáid le rón sa dán “Sa Bharda Seoil”, leanann sé le meafar ainmhíoch i “Ceas Naíon” nuair a chuireann sé síos ar riocht a mhná agus í ar tí breith

mar a rabhas i luí  
nár luí in aon chor  
ach únfairt anmhí  
i gcró

Is iad a pháiste féin atá mar ábhar dáin aige i roinnt dánta Tá an teideal “Gramadach” ar cheann acu Páiste dá chuid nár “tháinig do chaint leat fós” (CH 28) ‘Séard atá á léiriú ag de Paor ná b’fhéidir nach bhfuil rialacha gramadaí an teanga ar a chumas ag an bpáiste ach ní hé sin le rá go bhfuil aon bhac ar a chumas cumarsáide agus go mbaineann sí sult agus spraoi as teanga “Cuireann /na briathra sna tríthi tú ” (CH 28)

Ag cur síos dó ar dheactrachaí an pháiste baineann de Paor feidhm as téarmaí gramadaí Tá líne iomlán briathra, briathra a thaitníonn leis an bpáiste

Straos Strainc Sread  
Gnúsacht Meánfach Tost .(CH 28)

Is aon abairt amháin iad an t-ocht líne dheireanach agus ní abairt simplí é ach é casta go leor (ag déanamh aithris ar rialacha gramadaí atá sé) ag magadh faoi chomh deacair agus

atá rialacha na teanga Sa chuid chéanna dearbhaíonn go mbíonn an páiste ag foghlaim agus é fós sa bhroinn

an méid a d'fhoghlaim is  
in aragal na broinne  
poncaíocht gháire droim ar ais  
díochlaonadh fearthainn do dheor

Cuireann sé rialacha gramadaí, teangeolaí, “saineolaithe linbh leanáí”(CH 28) 1

gcodarsnacht le tuiscint imfhiosach an linbh

Baineann sé feidhm as tagairtí do scéalta clasaiceacha na Gaeilge sa dán “Ceas Naíon”

Is amhlaidh dó sa dán “Setanta” Is mac leis atá ag imirt iománaíochta Cuireann sé síos ar an mbuachaill i bhfríotail a bhaineann leis an gcluiche

a ríosta caol  
chomh mín le bais  
chamáin, (CH 40)

Sa dara véarsa tá sé ag cur síos ar cé chomh soghonta teasaí is ea an gasúr óg

Fáisceann  
bruith fola  
chomh tréan  
le fonsa miotail  
nó mórtas cine  
ar a ghéaga linbh,

In áiteanna áirithe in Éirinn is trí iomáint a léirítear “mórtas cine”

Deir sé ansin go bhfuil sé “seacht mbliana glan”, (CH 40) sin an aois a bhí ag Setanta nuair a tharla an eachtra cáiliúil dó

Tá an t-athair ag iarraidh an páiste a chúimhneú mar a bhí Setanta ag iarraidh a dhéanamh do mhadra Chulainn

Níl uaim

ach a cheansú

is a chur

chun suaimhneis (Ch 40)

Tá seod de dhán dar teideal “Sorcha” Is iníon leis atá i gceist sa teideal Céiliúradh uirthi atá sa dán seo Duine í a spreagann torthúlacht agus luaitear í mar chara ag cait is coileán

Duine í a thairníonn an ghileacht seachas an dorchadas léi Feictear dúinn an chaoi a n-úsáideann de Paor an doircheacht agus a mhalairt, grian na maidne, chun ísle brí agus ardú meanma a chur in iúl Dúnann an dán le trí líne álainn.

éiríonn an ghrian ionam

as dola reatha

a hainm nach dorcha

Tá sé ag tagairt do fhocla i nGaeilge le tús litir “s” nó “d” orthu agus malairt brí orthu Samplaí iad “domeann” agus “soineann” Tá sé ag imirt leis an gchomh uaim atá idir “Sorcha” agus “Dorcha”

Cur síos álainn ar iníon ag iarraidh airde a athar atá i “Neamhaire” Tá an dán seo lán le caint dhíreach Tá sí ag taispeáint céimeanna rince dó Tá eisean ag féachaint ar éan Titean an cailín agus deir sí leis, “Féach anois Féach” (CH 46) Tá an líne leis féin agus

mar sin de tá tabhacht ó thaobh an chainteora de le sonrú ann Is ansin a fhéachann sé go macánta,

Nuair a bhainim

an púicín dem amharc (CH 46)

agus féiceann sé an fearg atá uirthi

Is bua ag an Phaorach rud mór a dhéanamh as na mion rudaí a chuireann as do pháistí

Léiríonn sé chomhbá le saol an pháiste. Feictear dúinn sampla eile de seo sa dán “Eagla na hEagla” Is mar athar atá glaoch air 1 lár na hoíche

Trí a chlog ar maidin

tá an solas ar lasadh

sa tseomra

Tá rud éigin lasmugh, (CH 42)

Tugtar liosta dúinn ansm dos na cosaintí atá curtha i riocht ionas go mbeidís slán sa teach Ina measc siúd tá “siuráil athar”(CH 42) a dhearbhaíonn

Níl ann ach gaoth

agus báisteach

Adeirim

Agus an páiste cneasaithe aige tagann amhras ar an athair agus mar chosaint “ardaím glór na teilifíse” (CH 43)

Sa véarsa clabhsúir tá sé ag iarraidh sólas a thabhairt dó féin

Is léir don dall féin

nach bhfuil aon ní

lasmugh (CH 43)

Is é an doircheacht a chuireann as don bheirt acu, an ní nach féidir a fheiceáil Tá trí líne i ngach véarsa sa dán Tugann seo cuma dán le hábhar simplí dó Cuireann sé le gluaiseacht an dán, é ag dul ar aghaidh go tapaidh agus sinn ar an airdeall do rud ar bith Sa dán dar teideal “Harris Tweed” osclaíonn an dán le cur síos ar chasóg a cheannaigh sé i siopa san Astráil Casóg de dhéantús bréidín atá ann Usáideann de Paor an chasóg mar mheafar ar an saol as a dtáinig an bréidín sé sin “saol oileáin/móin fhluich/is píopaí cré”(CH 9) Leanann sé leis ag tagairt do chúrsaí staire an cheantair ach go háirthe dí-sheilbhíú muintir na ngarbhchríocha m Alban Cuireadh na daoine go Meiriceá agus áiteanna eile mar bhí na tiarnaí talún ag tuilleamh níos mó airgid as caoire a bheith ar na tailte

Is é “Báisteach” an dán deireanach atá sa chnuasach Déanann sé hostáil ann de chomharthaí báistí, go mbíonn a fhios ag madraí agus ag seandaoine cibé dall nó bodhar iad go bhfuil báisteach le bheith ann

Ag tosú le mothúcháin mheasctha faoi bheith ar ais i gCorcaí tá scrúdú déanta ag dánta anseo ar ghnéithe áirithe den chathair sin Tá curtha síos aige ar iompar agus breith linbh agus dánta áille mar gheall ar a chuid páistí

# CAIBIDIL A CÚIG

## *Agus Rud Eile De*

*Chomh ciúin le sneachta na bliana seo caite*

## ***Agus rud eile de***

### **Chomh ciúin le sneachta na bliana seo caite**

Foilsíodh *agus rud eile de* sa bhliain 2002. Is é Coiscéim i mBaile Átha Cliath a d'fhoilsigh an cnuasach seo de ocht gcinn is fiche de dhánta ó pheann Louis de Paor. Tá iarsma d'fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin le fáil sa dán "Rothar Mór an tSaol". Go simplí tá a athair ag taispeáint dó conas rothaíocht a dhéanamh. I dtús níl ag éirí go ró-mhaith leis agus cuireann sé a iarrachtaí i gcomparáid le lacha i ndán de chuid Sheáin Uí Ríordáin.

chomh tuathalach

Le lachain an Ríordánaigh<sup>1</sup>

Tá scríofa ag an Ríordánach faoin lacha gurbh "Dúchas di bheith tuisleach"

Deis é an foghlaim rothaíochta, don pháiste, neamhspleachas ón a athair a bhaint amach

an saol leanbaí go léir

ba mhaith liom a fhágaint im dhiadh (ARED 2)

Éiríonn leis rothaíocht de dheasca an chreidimh a bhí aige ina athair a thug an-mhísneach

dó

Gurb é mo chreideamh ionatsa amháin

a choinnigh slán sa tsúil mé) (ARED 2)

---

<sup>1</sup> O Ríordáin Seán *An Lacha* Brosna Baile Átha Cliath 1964 (4)

Baineann de Paor feidhm as an gceacht rothaíochta mar shórt “Rite of Passage”, an páiste seolta ag a athair “ar bhóthar casta an tsaoil” (ARED 2)

Duine eile a bhí á mhúineadh ná an Máistir scoile lena thagraíonn sé i “Máistir Dána”

Tá an líne oscailte an obann ar fad

Mhúin se fulíocht dúinn(ARED 4)

Luaightear dánta eile anseo, dánta inar móradh nósanna catha, “The Siege of Athlone” agus “The Charge of the Light Brigade” Bhí cumhacht leis na focail mar bhí tromluí ag an bpáiste tae éis a bheith ag éisteacht leo Ach nuair a bhfuair sé bás, sé sin an máistir, d’éag cibé cumhacht a bhí ins na focail leis

Ní tuisce a dhoirchigh an chré

an solas a chonaiceamar

os a cionn sa chath

ná chuaigh macra na bhfocal

ar a gcoiméad ón gcaint mheata

Tá an Paorach ag baint úsáide as an gcodarsnacht idir geal agus dorcha agus iad ag seasamh do bheo agus do mharbh

Tá an úsáid chéanna le feiceáil sa dán “An scéal go dtí seo” Sa séú véarsa deir sé

Tá ár n-athair ina sheasamh

idir sinn is léas is an solas

ag dul as ar a chúl (ARED 13)

Tá dhá bhrí le baint as an bhfocal “léas”, (ARED 12) is solas ón ngrain nó is buille é Tá oscailt an leochaileach leis an ndán “Ach cad ina thaobh?” (ARED 12) An cheist atá ag déanamh buartha dó ná cén fáth a dtugann a athair buille don bheirt bhuachaill agus

nach bhfaigheann an cailín, “í” aon bhuille Is ag iarraidh teacht chun réitigh lena athair atá faoi ndáiríre Cuireann sé an iarracht seo in iúl i nathanna mar “Bhí an fear ba bhuachaill/tráth” (ARED 12) Ach anois níl tuiscint aige ar bhuachaillí Deir sé go raibh “a chuid focal chomh leathan” (ARED 12) ach “bhí a bhriathra/chomh éadtrom leis an luaith” (ARED 12) Is trí chodarsnacht na bhfocal a léiríonn sé easpa tuisceana atá idir é agus a athair Duine údarásach ab ea é freisin agus maireann an tionchar a bhí aige air

Is fada nár chuala

a ghlór uilechumhtach

a cheartódh an saol dúinn.(ARED 13)

Tá an t-údarás léirithe san fhreagra a thugtar don cheist lena osclaíonn an dán

“Mar sin mar atá Agus sin

a bhfuil ann dó”(ARED 12)

Is é bás a athair, nó an chéad uair go bhfuair sé scéal gur éag a athair, is téama don dán “

An Chéad Uair” Tá codarsnacht an-fhísiciúil, an-daonna cruthaithe sa chaoi a bhí sé

deas teolaí sa leaba lena chéile agus ansin nuair atá sé ag an doras cosnocht fuar agus

drochscéal a chloisint aige Oscailt borb, cheapfá nach raibh súil aige leis an nuacht, “ó

réab cloigín an dorais” (ARED 18) Cén fáth “réab”? Is focal foréigeanach, tobann, borb

gonta é

Níl abairt ná véarsaíocht ag baint leis an dán seo Tá sé ag cur in iúl gur tháinig an

drochscéal aniar aduaidh air nó is féidir léamh a fháil ar gur chuid den saol an bás

Tá codarsnacht cruthaithe aige freisin idir a chéad thréimhse sa leaba agus an uair gur

fhuil sé ar an leaba. An chéad uair deir sé linn go bhfuil sé deas teolaí ach tar éis dó an

scéal a chloisint níl sé in ann compord a fháil sa leaba tá sé corraithe chomh mór sin

Cuireann sé náthanna cainte le hais a chéile nach mbeifeá ag súil leis

ó réabadh

an fál paidreacha (ARED 19)

Má tá sé ag cur síos ar easpa caidrimh idir é agus a athair is neamhghnáthach é mar íomhá an “fál paidreacha”(ARED 19)

Gluaiseann an dán ar aghaidh ón gcéad líne ina bhfuil an focal “cloigín” go dtí an líne dheireanach agus tá an focal “chloigín” ann freisin Is an “cloigín” a chaith a shaol as ord agus is é an clog a fhógraíonn an bás

Tá línte an ghearr sa dán Cuireann seo leis an ngluaiseacht ar aghaidh atá le mothú sa dán Gluaiseann sé ar aghaidh go dtí an chéad dán eile, “An Chéad Uair Eile” Sa dán seo tá sraith d’íomhánna iarshochraide curtha os ár gcomhair

bíonn coinnle

cumhra

an bhróin

ar lasadh

in uaigneas a thí

Tá seo chomh simplí De dheasca na simplíochta téann sé i bhfeidhm go mór orainn I véarsa a trí tagraíonn sé do “an scáil a d’fhág an chónra/ar a ghrua ” (ARED 20) Tá tagairtí déanta aige i ndáta eile dá athair agus an scáil a leagann sé ar a shaol Arís feictear dúinn “solas” agus é ag seasamh do thaobh geal den saol

a shúil lán

de sholas gan trócaire

an tsaol eile (ARED 21)

Agus

níl teas

ná comhle féin

ina shúil mharbh (ARED 21)

Dán é seo nach bhfuil ag teacht le chéile go ró-mhaith Cé go bhfuil sé tógtha in aon abairt amháin, níl leanúnachas, níl gluaiseacht ar aghaidh le sonrú An é sin a bhí in aigne an fhile agus an dán á chumadh aige go mbeadh an briseadh ar an saol á léiriú aige? Ag cuimheamh ar a sheanathar atá an Paorach sa dán “An Tuiseal Ainmneach”

Ó chuaigh tú anonn

tá comhartha agam ort (ARED 22)

Ní deir sé marbh ach go ndeachaigh sé “anonn” Is iad cuimhní cinn ar a sheanathar atá ag teacht chun cinn aige sa dán Arís sa dán seo tá sé ag iarraidh réiteach lena athair nó leis an

taghd gan srian a éiríonn

níos minicí ná riamh

sa seamlas in iargúil mo mharana (ARED 22)

Tagraíonn sé dá sheanathar i bhfriotal mar “do theanga dhomlasta” (ARED 22) Tá daonnacht an fhir le sonrú nuair a bhfuair a chéile bás, “scranaigh do dheora/an croí ionam”, (ARED 22), mar is dócha nach raibh taithí acu air ag ligint srian lena mhothúcháin Is dócha go bhfuil castacht an chaidrimh a bhí eatartha sna focail “is tú ag rá liom/go crosta grámhar” (ARED 23) Sna línte deireanacha tá glactha leis an chaoi go raibh cúrsaí eatartha

is mé ag siúl

1 ndiaidh mo chúil

1 leith na tine a dheim é (ARED 24)

I gcomparáid le conas mar a chuaigh bás a sheanathair 1 bhfeidhm air tá mothálacht níos doimhne le sonrú sa dán “Alba” agus bás an fhile Albanbanaigh Somhairle Mac Gill-Eain mar ábhar ann

Ní ghéillim dod bhás (ARED 39)

Tá a bhrón dearbhairthe sa chéad líne, líne a sheasann leis féin lom, gonta Glacann sé leis an mbás agus seasann an líne deireannach leis féin ag cur a bhrón in iúl

Díreach faoi bhun mo chroí (ARED 39)

Tá curtha síos aige ar an tsochraid ach níl an file ag glacadh páirt go croíúil ann Tá ar leathaobh, mar chuid de lucht féachana ag breathnú ar an ndeasghnáth Tá mar sin go bhfeiceann sé bean an fhile, “fíor na croise/ar chlár éadain do ghrá (ARED 39)

Cruthaíonn sé ceangal clasaiceach idir an “cailín fionn”, atá ag dul ag imirt camógaíochta a imirt, agus na finscéalta stairiúla sna línte deireanacha

Doirtear fuil ach a dtiocfaidh sí

chomh fada le cóisir Chúlainn

“Iníon Deichtine” is ainm don dán Ba í Deichtine máthair Setanta (Cúchulainn) <sup>2</sup>

Stair chathair Átha Cliath atá á cheiliúradh ag de Paor sa dán dar teideal “Seandálaíocht”

Ní hé is dócha an stair ma iomláine ach bunús na cathrach, faoi réir na Lochlannach

mar an Lochlannach fir

a d’fhág a mhacra

sa chre shíoraí

---

<sup>2</sup> O’hOgáin, Daithí *Myth, Legend and Romance An Encyclopedia of Irish Folk Tradition* London, Ryan 1990

ag áth na gclíath,

Tagraíonn sé don chre faoi dhó, an chre a chlúdaíonn ach freisin luann sé ómra, “cosán ómra” agus “cuar ómra” atá “thíos faoin seamhas bréan” (ARED 9) Is fiú tochairt faoin gcre le teacht ar sheodra a bhaineann leis an stair Tá an méid sin baint ag an gcathair leis na Lochlannaigh gurbh ionann “míle bliain/ís an oíche aréir” (ARED 10)

Is céiliúradh, ar bealach, dhá mhíle bliain atá i gceist in “Uachtar Ard, Nollaig 2000” Tá íomháanna nó radharcanna difriúla, a bhaineann leis an Nollaig nó leis an ngeimhreadh, cruthaithe aige Tá Scott agus Shakleton luaithe sa chéad véarsa I véarsa a dó tagraíonn sé don síscéal (scéal breith an linbh Íosa) Sa tríú véarsa tá

Carúl Nollag

a gcanadh i bhfothrach

na seaneaglaise (ARED 35)

Tá tagairt do leanbh “a fuair bás / de neamhaird i gcroí/gach duine in Éirinn” (ARED 35)

Níl gnáth imeachtaí na Nollag ná an t-áthas a bhaineann leis an bhféile de ghnáth luaithe aige sa dán Tá rian dóchais le sonrú ag tús an véarsa deireanach ach dúnann an dán leis na línte

is go dtitfidh ina bháisteach

nimhe an t-uisce goirt

a thabharfaidh ár mbás (ARED 36)

Imíonn an dóchas agus fágtar sinn le cinnteacht “ár mbás”, (ARED 36) tá seo ag teacht salach ar theachtairacht agus breith an Linbh Íosa, ár slánaitheoir, a rugadh ag an Nollaig chun sinn a shaoradh ón mbás

Síos tríd a chuid filíochta léiríonn de Paor dea agus droch aoibheanna trí chodarsnacht a chruthú idir gheal agus dhorchadas Tá seo léirithe go beacht sa chéad dán sa chnuasach, “Sméara Dubha”

Tá léiriú den chodarsnacht sa chéad véarsa sa chur síos ar “súile daite chomh glé” (ARED 1) agus “leis an am le teacht/nár dhoirchigh a hóige go fóill”(ARED 1) Arís 1 véarsa a trí osclaíonn an véarsa le solas, le funneamh ach dúnann sé leis an nath, “is dealg sa chaint 1 ngan fhios di/a réabann craiceann mo mhéar” (ARED 1)

Ach is láidre an chodarsnacht atá léirithe 1 véarsa a ceathair nuair a labhrann sé faoi “mhilseacht dhubh” a bheith searbh

Ba mhaith léi go mblaisfínn  
den mhilseacht dhubh  
atá chomh searbh  
leis an bhfírinne ghlan  
ar bharr mo thaeanga (ARED 1)

Tá a dhearcadh dhubh ar an saol á léiriú trí chodarsnacht a chruthú idir milseacht is searbhas Cé go nguíonn sé nach mbuailfeadh sí “urlár an tsaol”, (ARED 1) baineann geit asainn go bhfuil sé ag guí sa chaoi sin ar a son Cheapfá go raibh glacadh leis go mbuailfeadh sí an urlár

go mblaisfeadh sí  
arís is arís eile de sholas  
an lae seo ag dul as  
nár bhual (is nach mbuailfidh)  
urlár an tsaol seo go deo (ARED 1)

Tá oscailt tobann borb leis an dán “Dul Faoi na Gréine” Tá abairt amháin sa dán ina iomláine agus tá focal amháin sa chéad líne sin “Tháinig” (ARED 26) Tá sé, sa dán, ag cur síos ar cé chomh obann is d’imigh áthas agus gur tháinig brón Éiríonn leis seo a chur trasna ag tosú in aon fhocal amháin, agus ag leanacht leis le línte gearra a ritheann isteach ina chéile Tá cruth an dáin ar aon dul le cé chomh obann is a bhuaíl an tocht é

Tháinig

chomh hobann

leis an mbrón (ARED 26)

Leanann leis ag rá

nuair a shlog

do chabhail áthasach

an t-ortalach déanach

de sholas na gréine im chré (ARED 26)

Arís feictear an chodarsnacht idir “sholas na gréine” agus “sa pholl dorcha”

Ní gruaim ach greann atá mar chroí an dáin “An Pémtéir” Is í a bhean atá tar éis tosú ar phéintéireacht agus tá, i súile an fhile, an domhan curtha as riocht aici

Níl beann agat ar dhia ná ar dhlí na fisce

ó chuas le healaín (ARED 33)

‘Séard atá sa dán ná sraith d’iomhánna a thugann léargas ar an domhan trí shúile an phéintréara Is suntasach an greann a bhaineann sé as iarrachtaí a mhná

cuireann tú an saol sobhraithe go léir ar gcúl

le hasarlaíocht apacailipteach do shúl

Ardaítear an greann nuair atá sí ag iarraidh pictiúr dósan a tharraingt

Deir tú gur mhaith leat  
mo phiciúir a tharramgt is rithim amach  
go dtí an gáirdín cúil atá curtha  
faoi loch agat ó bhíos amuigh cheana (ARED 34)

Déanann sé ceiliúradh ar a bhean, ar a banúlacht agus a ngrá dá chéile sa dán  
“Ceathanna” Tá an dán roinnte i gceithre ranna Sa chéad rann tá sé ag éisteacht léi ag  
glacadh folcaidh , tá gach céim dá cuid á thabhairt faoi ndeara aige Tá a fhios aige gach  
céim a thógann sí Cruthaíonn sé íomhá an-chéadfaíochtúil ach go háirthe nuair is mór  
leis an braon a thiteann anuas air

doirteann  
cith obann báistí  
tré pholl beag sa díon  
anuas ar bhaitheas mo chinn (ARED 30)

Cé go luann sé an mhoill a bhíonn uirthi ag fáil réidh ní cantal atá á chur in iúl aige ach  
comóradh

deinim iontas  
de dheasghnáth na moille  
a d’fhoghlaimís  
i gclochar na banúlachta (ARED 31)

Is le híomhánna ó ríocht na n-ainmhithe a thagraíonn sé di sa tríú roinn, í ag cur an  
geimhreadh di,

searrann tú díot  
ualach gruama

an ghreimhrídh

chomh mall

le mathghamhain (ARED 31)

Chun a mháthreachas a chur in iúl is idir í agus madra a dhéanann sé comporáid

Titeann

ceathanna coileáin

ded bhaclainn (ARED 31)

Is athneartú ar an ngaol atá eatarthu é an véarsa deireanach Is é an t-úrlár ar a bhfuil sí ag siúl an meafar as a mbaineann sé feidhm chun a ngrá a cur m iúl

Nuair a chloisim

an t-úrlár ag gearán

anois lasnairde

níl ann ach na cláir atá ceangailte

dá chéile le stair

nach féidir a bhogadh

ná a scarúint go brách

Fágtar an t-áthas atá léirthe sa dán sin taobh thuair sa dán “Cancar” Cancar broilligh an cancar atá i gceist sa dán “Cancar” Ní hí an t-othar atá ag cannt sa dán Cuireann sé seo an léitheoir ar leataobh beagáinín ó chroí an dáin, sé sin an fhualaingt agus an eagla a ghabhann leis an tinneas áirithe sin Tugann sé, an file, comharle di, “ a haigne a choiméad glan” (ARED 44) Tá síse “ar gharda” “go mbraithfí/nod an duarcas/sa chomhrá éadrom” (ARED 44) Tá an chodarsnacht idir “duarcas” agus “comhrá

éadtrom” (ARED 44) an éifeachtach ag cur mí-éifeacht an duine, an cuairteoir, i láthair othair atá tinn. Neartaíonn sé conas a bhraitheann agus é ag iarraidh a bheith grámhar léi.

Nuair a thagann

cineáltas ar cuairt

ní ligfidh sí dé

a héadan a phógadh (ARED 45)

Éalaíonn sí ar bhothar na smaomte go ham a chaitheadar, i dteannta a chéile, in úllord. Is leagan cainte an-choitianta é an t-úll mar mhearfar do chíos. “Is úlla/abhrollaigh ag cruachan” (ARED 45). Tá easpa éigin sa dán, níl mórán paisín ag baint leis.

Le ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain Idirnáisiúnta an Deonachais d’fhoilsigh an Coiste Náisiúnta Um Dheonachas an dán “Asma” ar chárta poist.

Is é a cholcheathar an saorálaí. Tá comparáid á dhéanamh idir an tír seo agus Cosabhó.

Baineann sé feidhm as bainne mar íomhá chun an difear idir an dá thír a chur in iúl.

In Éirinn tá “dríodar bainne á shlogadh” (ARED 42) ach is “leamhnacht” (ARED 42) atá i gCosabhó. Déanann sé cur síos an-éifeachtach ar na deacrachtaí anáilú a bhíonn ag lucht an ghalair asma.

mar a bheadh cith cluimh lachan

á plúchadh (ARED 42)

Sa véarsa deireanach tá an íomhá níos géire agus é ag cur síos ar dhúine le hasma.

loam na gcoinnle

i bhfothrach a scamhóg (ARED 42)

Sa dán “Tíreolas” léiríonn sé a imní féin nuair nach bhfuil sé in ann tuairisc a fháil ar dhúine. Feictear arís tagartaí don solas agus imeacht ón tsolas mar léiriú ar bhrón.

in áit an tsolas im mheabhair  
bhí na réalta os mo chionn  
chomh fuar led shúil ghorm (ARED 16)

Tá a pictiúr sa pháipéar ar maidin

an cailín  
atá ar iarraidh le seachtain (ARED 28)

Oscailt lom gan mhaisiú ar bith atá leis an dán “Comhcheilg na Súil” Ardaíonn sé aird ar an té atá ar iarraidh sa chaoi go bhfuil líne iomlán agus gan ann ach an focal “cailín” Tá athrá ar an líne “féachann sí orm”, (ARED 28) ag aisthagairt don teideal “Comhcheilg na Súil” Cé nach nach bhfuil aon dealramh aici lena chlann iníne féin mar sin de is é a chéad smaoinearmh ná iad a chosaint

Cuirim páipéar na maidne  
idir mé  
is an mhurnín  
soineanta (ARED 29)

Tá an cnuasach seo tiomnaithe don amhránaí John Spillane (Is mímé an bheirt acu ag comhoibriú ar amhráin) Is féidir glacadh leis mar sin gurbh eisean spreagadh an dán “An tAmhránaí” Is tré shúile an amhránaí tá curtha síos ar an lucht éisteachta agus ar an gcaoi a dtéann a cheoil i bhfeidhm orthu

Is ait le haonaráin ia iarleannáin  
go mbeadh fonn briste a gcroíthe (ARED 47)

Tá imeacht na hoíche le sonrú sna línte “Tá an oíche á réabadh/ag foireann na gclog” (ARED 47) Leis an bhfocal “réabadh” bristear amach ó láthair an cheoil agus an amhráin go dtí an saol lasmuigh, an fíor-shaol

scuaine scuadcharr

otharcharr is inneall dóiteán (ARED 47)

Fanann sé lasmuigh sa saol seo agus tugann pictúir an gruama dúinn

In aice an droichíid

tá nodaireacht an uaignis ar chuulthíní an aeir

os a chionn léite go cruinn ag an bhfear

atá díreach tar éis léim

Ar ais ag an gceol leanann an saol ar aghaidh

Leanann an ceoltóir ag seinm ar na sreanganna fola a

shíneann ón gcroí go dtí béal a ghuotáir (ARED 48)

Sa chnuasach seo feictear na téamaí atá coitianta i bhfilíocht de Paor, leanúnachas, oidhreacht, grá agus cúrsaí clainne Baineann sé feidhm as íomhánna atá ar eolas againn freisin, an solas ina chodarsnacht ag an dorchadas, íomhánna reiligiúnda agus tagairtí don dúlra Tá féith an ghrinn mhagúil sa dán “An Péintéir” agus tá sé an-taitneamhach

## **Noda**

### **Giorrúchám**

San Tráctas seo tá na giorrúchám seo in úsáid ag trácht dos na cnuasaigh filíochta éagsúla

PSL	<i>Próca Solais is Luatha</i>
30D	<i>30 Dán</i>
SSAU	<i>Seo Siúd Agus Uile</i>
CH	<i>Corcach agus Dánta Eile</i>
ARED	<i>agus rud eile de</i>

## Conclúid

Tá cúig chnuasach filíochta foilsithe ag Louis de Paor go dtí seo. Tá éagsúlacht iontu maidir le téamaí de. I measc na dtéamaí ar a athfhillteann sé tá leanúnachas nó oidhreacht. Léiríonn sé go dtagann go leor dár dtréithe dhaonna ón ár muintir. Admhaíonn sé go bhfuair sé a chumas le focail óna sinsear sa dán “Seanchas” (30D 30). Chuir sí, sean gaol leis a raibh bua seanchais aici, a chuid cainte ag bláthú ach thóg sé “stair a chine” (30D 30) uathu freisin agus é ag glaoch “blueshirts” ar bhuachaillí i gclós na scoile. Gaol eile leis atá mar ábhar dháin a fhaigheann bás sa dán “Creideamh” (SSAU 22). Thréig an tseanbhean reiligiúin combhinsiúil nuair a bhí an bás i ndán di agus chuir sí “brat seascair” (SSAU 22) creideamh na bpiseog timpeall uirthi. Nuair a bhfuair sí bás níor éag a creideamh ach ghlac seilbh ar aigne an fhile. Ní féidir éalú ó d’oidhreacht mar “ní féidir é a bhogadh” (CH 44) a deir sé sa dán “Oidhreacht”. Más cuid dá oidhreacht é a chathair dhúchais, sé sin Corcaigh, tá fadhbanna aige leis an gcathair féin. Tá grá aige di, in ainneoin oscailt an dáin, “Bhí sé fuar fluich” (CH 1). Ag an am gcéanna tá eagla air roimh an grá mar is dhá áit í Corcaigh, an chathair agus an phortach agus is an phortach a tharraingeoidh aníos é (CH 1 – 2). Sa dán “Glaoch Gutháin” (30D 5) tugann sé “chathairphoblacht i lár portaigh” ar Chorcaigh. Tá saol sona an Gheimhridh san Astráil léirithe i dtús an dáin, fós tá tarraingt abhaile sna “ríleanna báistí” (CH 6). Níl a oidhreacht féin ná oidhreacht a thír dhúchais mar ábhar sa dán “Didjeridu” (CH 10 – 11). Baineann an urlís seo le dúchascaigh na hAstráile agus ní luíonn sé go compordach ar chluasa lucht mheallta nathar nimhe na lucht rince “steip”. Tá stair cine sa cheol a sheinneann an gléas ceoil seo cé nach cme an fhile é.

Léiríonn sé grá dá bhean is dá chlann i go leor dá dhánta. Críochnaíonn an cnuasach *Próca Solais is Luatha* le dán álainn a cheilúrann an t-áthas, an t-ardú croí, a thugann a iníon dó, “do ghéire linbh /le gile do mhéin / a shoilsigh mo ród” (PSL 43). Tá sraith de dhánta sa chnuasach *Corcach agus dánta eile* a léiríonn iompair agus breith linbh. I mbealach atá neamhghnáthach tá a ghrá dá bhean á léiriú aige “dar dtug mo chroí a ghean síoraí” (CH 23). Sa dán “Ceathanna” dúntar an dán le líntí a dhearbhaíonn an grá eatarthu, “na cláir / atá ceangailte / dá chéile le stair / nach féidir a bhogadh / ná a scarúint go brách” (ARED 32). Frú sa chúigiú cnuasach *agus rud eile de* a foilsíodh sa bhliain 2002, níl sé ar a shuaimhneas lena athair. Tá an choimhlínt eatarthu léirithe sna focail “is tú ag rá liom / go crosta grámhar” (ARED 23). Maidir lena chlann tá an cúig cnuasach breac le dánta futhu. Ina measc tá na dánta seo a leanas, “Inghean” (SSAU 30), “Iníon Deichtne” (ARED 6), “Setanta” (CH 40), “Timbhriste” (30D 2) agus “Aimsir Chaite” (PSL 42).

Tagraíonn sé go minic don bhás. Déanann sé iníuchadh ar ghnéithe difiriúla, éagsúla ar chúrsaí a bhaineann leis an mbás. Tá cur síos sa dán “Tigh Iarbháis” (30 D 31) ar ghlanadh tí tar éis báis do bhean an tí. Fágadh an teach chomh glan sin go bhfuil taibhse glanta amach as. Tá dearcadh an neamhghnáthach léirithe ag de Paor sa dán “Bréaga” (30D 32). Déanann sé comparáid idir chorp an dume mairbh atá meath tar éis teacht air agus adhmaid an chónra atá níos sine ach fós gan smál.

Tá féith an ghrinn léirithe go maith i roinnt dá dhánta. Is ag magadh faoin domhain a chruthaigh a bhean ó chuaigh sí le péintéireacht, atá sé sa dán “Péintéir” (ARED 33 – 34). Léiríonn sé greann dóite sa dán dár teideal “Leipreacháin” (CH 30). Tarlaíonn eachtra d’aindiachaí agus tá baol ann go gcaillfeadh sé a aindiagachas.

Saor véarsaíocht is mó a chleachtann de Paor ina chuid filíochta Ní minic aon phatrún ríme rialta le dán Éiríonn leis mairseáil na saighdiúirí a chur trasna sa dán “Oileán na Marbh” (SSAU 3 -5) le sraith de línte gearra ar chomhfhad lena chéile agus le hathrá ar an an litir “r”, “chomh díreach le drom / chomh ríghin le haighe” (SSAU 4) Gaireas filíochta a úsáideann sé go rí-mhaith ná líne a fhágaint leis féin, “ar crochadh” Tugann sé, an gaireas seo, cumhacht don líne sm mar bíonn níos mó béime ag baint leis “Ní ghéilim dod bhás” (ARED 30), seo é an chéad líne in “Alba”, agus léiríonn sé conas a ndeachaigh bás an fhile Somhairle Mac Gill-Éain i bhfeidhm air Críochnaíonn an dán “Leipreacháin” agus na mairbh “ ag caochadh súl leis an aindiagaí ainchinnnte” (CH 31) Cureann an líne seo greann nó meon an dáin in iúl go beacht

Tá go leor dánta atá cruthaithe d’aon abairt amháin Uaireanta ní thosaíonn ná ní chríochnaíonn abairt dáin Sa dán “Suantraí” (PSL 11) níl ann ach aon abairt amháin Léiríonn sé an smaoinemh go bhfuil mian an fhile sa seomra ina bhfuil a ghrágheal Tugann se adhradh don fhuinneamh a ghabhann le mí Feabhra, (san Astráil) sa dán “Adharca Fada” (30D 1) Arís is aon abairt amháin an dán ina iomláine Léiríonn sé seo an fuadar, an funneamh a ghabhann leis an mhí seo sa chaoi go ritheann na línte isteach ar a chéile

Cé go ndeir an Paorach linn gurbh aindiagach é sa dán “Leipreacháin”(CH 30) tá a chuid filíochta breac le híomhánna reiligiúnda Sa dán “Dán Grá” (30D 10), tá cur síos faoi mar a mhothaíonn sé tar éis argóna agus is tagairt reiligiúnda atá ann “braithim chomh glan le manach cruá chomh naofa” (30D 10) I ndán teidil an chnuasaigh “Próca Solais is Luatha”, dearbhaíonn sé go “scoirfidh mé dem oilithreacht bheannaithe” (PSL 30) Theití ar oilithreacht chun maithiúnas a fhail Is páiste é de Paor

sa dán “An Seomra Codlata” (SSAE 27 – 29) agus tá ag cuardú i seomra “doiléir”, seomra ina bhfuil nithe a bhaineann le ré eile i saol a thuismitheoirí. Níl cead a bheith ann, sin an fáth “bhí mo chroí im’bhéal / chomh mór le croí Rónaofa Chríost” (SSAE 27). Ní hamháin go bhfuil an eagla atá air luaithe i bhfriotal reiligiúnda ach tá na cumhní cinn á ghardeáil ag “litir an Phápa os a cionn / mar a bheadh fógra i ngort / ag fógart stróinséirí amach (SSAE 27). Nuair a d’aimsigh na páiste na sean ghrianghrafanna sa “Seomra Codlata” “d’éirigh stua ceatha nuair a chonac na grianghrafanna” (SSAE 28). Is comhartha áthais é solas i bhfilíocht de Paor. Baineann sé feidhm as “solas”, “an ghrian” chun deá-aobh a léiriú. Sa dán “Próca Solais is Luatha” osclaíonn an dán go simplí le “fág coinneal romham” (PSL 30). Is comhartha dóchais é an coinneal, tá dóchas aige go bhfillfidh sí. Sa dán “Adharca Fada” (30D 1) tá aimsir na hAstráile i mí Feabhra á móradh aige, “scaireann an ghrian ón mbuidéal” (30D 1). Sa dán “Sméara Dubha” (ARED 1) tá rath a ghuí aige ar a iníon agus is trí íomhá an tsolais a chuireann sé an rath in iúl. Guíonn sé “go mblaisfeadh sí / arís is arís eile de sholas / an lae” (ARED 1).

Má chuireann solas agus an ghrian deá-aobh in iúl, is droch aobh atá á chur in iúl le droch aimsir agus le dorchadas. Sa dán “Séasúr” (PSL 27) cuireann ainmní an dáin a mhíshásamh in iúl i gcomhthéasc drochaimsire, “Tá síoc anois ar ghuth an bhuachalla” (PSL 27). Is drochaimsir a chuireann a mhothúcháin mheasca i leith a chathair dhúchais, Corcaigh, i gceist, “Bhí sé fuar fluuch / ar French’s Quay” (CH 1).

Tá dánta eile sna cnuasaigh agus is dánta álainn liriciúla iad. Osclaíonn “Cártaí Poist” (30D 19) ag inealladh níos mó ná céadfaí amháin, “An t-aer ina chriathar bán / ag craos glórach na bhfaileán” (30D 19). Mar a dúradh cheana níor thaitin an geimhreadh le de

Paor ach ba bhreá leis solas a choimeád mar “ ceirín a bhainfidh nimh / an amhrais as aigne dhorcha / in aimsir mhorthach an gheimhridh” (SSAU 9)

Dúirt ag tús na carbidile seo gur cúig cnuasach filíochta atá foilsithe ag Louis de Paor Níl an dá cnuasach a foilsíodh le linn dó a bheith ina chónaí san Astráil san áireamh Ní cnuasaigh d’fhilíocht nua-chumtha iad, *Aimsir Bhreicneach / Freckled Weather*<sup>1</sup> agus *Gobán Cré is Cloch / Sentences of Clay and Stone*<sup>2</sup> ach athfhoilsíú ar *Próca Solais is Luatha agus Seo Snúd Agus Uile* D’aistrigh de Paor an fhilíocht é féin

Tá sé suimiúil go bhfuil aistriúchán go Béarla déanta aige ar a chuid filíochta Tá tuairimí an láidir nochtaithe aige i dtaobh aistriúcháin san alt “Disappearing Language”<sup>3</sup> Tá sé i gcoinne aistriúcháin ón Ghaeilge go Béarla ach go háirithe mar a léirítear i gcéad abairte an ailt,

The history of translation from Irish to English is characterised from the outset by the unequal relationship between the two languages<sup>4</sup>

An argóint is láidre atá aige i gcoinne aistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla ná nach bhfuil an seasamh céanna ag an dá theanga Is teanga uile-dhomhanda í an Béarla agus is mionteanga í an Ghaeilge

Despite the sincerity of the translator the unbalance of power between the two languages ensures that English commands the page while Irish looks on from the margins, its prompting for the most part unheard by the audience<sup>5</sup>

---

<sup>1</sup> de Paor Louis *Aimsir Bhreicneach/Freckled Weather* Leros Press Canberra 1993

<sup>2</sup> de Paor Louis *Gobán Cré is Cloch/Sentences of Clay and Stone* Black Pepper North Fitzroy 1996

<sup>3</sup> de Paor Louis “Disappearing Language, Translations from the Irish”, *Poetry Ireland Review* Autumn 1996 Number 51 (61 – 68)

<sup>4</sup> Ibid

<sup>5</sup> Ibid

Ionas go mbeadh a ghuth le cloisint san Astráil ní raibh, is dócha, an dara rogha aige ach a shaothar a aistriú go Béarla, “forgeries” a ghairm sé féin ar na haistriúcháin seo. Cuireann sé clabhsúr leis an alt “Disappearing Language” ag soiléirú an difear idir cúrsaí aistriúcháin in Éirinn agus cúrsaí aistriúcháin san Astráil.

Translation, which in Ireland has often been more effective as a gag than as a second voice bridging the immense distance between languages, has not only made my voice more audible albeit at a very low volume in Australia – it has been extended considerably, the range of sounds and their echoes across time and space which I now hear in my own language <sup>6</sup>

Tá an tionchar a bhí ag Seán Ó Riordáin ar a chuid scríbhinn admhairthe ag de Paor. Feictear dúinn “aighe linbh” nach bhfuil sásta le cúrsaí ach a gcaithfidh dul faoin a ggraicean agus imúchadh a dhéanamh orthu. Léirítear freisin conas mar a ghabhann sé an nóiméad an “bheo-gheit” mar a ghairm an Riordánach air.

Ach is na focla seo a scríobh T S Eliot san aiste *The Metaphysical Poets*, a fhaightear croí fhilíocht Louis de Paor.

“ an acute selfconsciousness that shows itself in minute analysis of moods and motives, a conversational tone and accent, expressed in language that is as a rule simple and pure, highly unconventional imagery, including the whole range of human experience, from theology to the commonest details of bed and board, an intellectual, argumentative reasoning which knits the first line to the last and which often results in the elaboration of a figure of speech to the farthest stage to which ingenuity can carry it <sup>7</sup>

---

<sup>6</sup> Ibid

<sup>7</sup> Eliot, T S *The Metaphysical Poets Selected Essays*, London 1932, (281 – 91)

## Liosta Leabhar

- Blake, William.** *Songs of Experience* London 1794
- Caerwyn, Williams J.E. agus Ní Mhuiríosa, Máirín.** *Traidisiún Liteartha na nGael*  
An Clóchomhar Tta Baile Átha Cliath 1979
- Cambell, Mathew** (Editor), *The Cambridge Companion to Contemporary Irish Poetry*  
Cambridge University Press, Cambridge 2003
- Davitt, Michael** *Freacnair Mheacair rogha dánta 1970 – 1988, the oomph of  
quicksilver selected poems / Michael Davitt* de Paor Louis (eagarthóir)  
Cork University Press, Cork 2000
- Denvir, Gearóid.** *Duanaire an Chéid* Cló Iar-Chonnachta Indrebhán Conamara 2000
- de Paor Louis,** “Disappearing Language, Translations from the Irish” *Poetry Ireland  
Review*, Autumn 1996 Number 51 (61 – 68)
- de Paor, Louis.** *Próca Solais is Luatha* Coiscéim Baile Átha Cliath 1988
- de Paor, Louis.** *30 Dán* Coiscéim Baile Átha Cliath 1992
- de Paor, Louis.** *Aimsir Bhreicneach/Freckled Weather* Leros Press Canberra 1993
- de Paor Louis.** *Gobán Cré is Cloch/Sentences of Earth and Stone* Black Pepper Press  
North Fitzroy Victoria 1996
- de Paor, Louis.** *Seo Snúd Agus Uile* Coiscéim Baile Átha Cliath 1996
- de Paor, Louis.** *Corcach* Coiscéim Baile Átha Cliath 1999
- de Paor Louis** *agus rud eile de* Coiscéim Baile Átha Cliath 2002
- Eliot, T.S.** *Selected Essays*, London 1932, (281 – 291)
- Fenton, James.** *An Introduction to English Poetry* Penguin Books London 2002

- Fenton, James.** *The Strength of Poetry* Oxford University Press Oxford 2001
- Heaney, Seamus.** *Death of a Naturalist* Faber and Faber London 1966
- Kavanagh, Patrick** *Collected Poems of Patrick Kavanagh* W W Norton & Co New York 1964
- Kiberd, Declan and Fitzmaurice, Gabriel** *An Crann Faoi Bhláth The Flowering Tree, Contemporary Irish Poetry with Verse Translation* Wolfhound Press, Dublin 1991
- Mac Aonghusa, Píoinsias.** *Ar Son na Gaeilge Conradh na Gaeilge 1893 – 1993* Conradh na Gaeilge Baile Átha Chath 1993
- Mac Síomóin, Tomás and Sealy Douglas** (Selected and Translated) *Máirtín Ó Direáin* Selected Poems Tacar Dánta The Goldsmith Press Newbridge 1984
- Ní Annracháin, Máire agus Nic Dhiarmada, Bríona** *Téacs agus Comhthéacs Gnéithe de Chritic na Gaeilge* Cló Ollscoile Chorcaí Corcaigh 1998
- Ó Direáin, Máirtín.** *Ó’Morna agus Dánta Eile* Cló Morann Baile Átha Cliath 1957
- Ó Dónaill, Éamonn** “Louis de Paor – Agallamh” *Beo Márta* 2003
- Ó Dúill, Gréagóir.** (eagarthóir) *Fearann Pinn Filíocht 1900 go 1999* Coiscéim Baile Átha Cliath 2000
- Ó Dúshláine, Tadhg.** *Paidir File* Cló Iar-Chonnachta Indreabháin Conamara 1995
- Ó Dúshláine, Tadhg** “Odi et Amo an Reibílúnaí” *Southward, Newsletter of the Munster Centre*, Winter 1999 ( 20 – 21)
- Ó Háinle, Cathal.** *Promhadh Pinn An Sagart* Má Nuad 1978
- Ó hÓgáin, Daithi** *Myth, Legend and Romance an Encyclopedia of Irish Folk Tradition* Ryan London 1990

**Ó Tuama, Seán agus de Paor, Louis.** (a roghnaigh) *Coiscéim na hAoise Seo Coiscéim*  
Baile Átha Cliath 1991

**O Tuama, Seán** *Filí Faoi Sceimhle* Oifig an tSoláthair Baile Átha Cliath 1978

**Ó'Tuama, Seán.** *Seán Ó'Riordáin Saothar an Fhile* Sairséal Ó'Marcaigh Baile Átha  
Cliath 1975

**Ó'Tuama, Seán** Seán Ó'Riordáin *The Pleasures of Gaelic Poetry* Mac Réamoinn,  
Seán (Eagarthóir) Allen Lane / Penguin Books London 1982

**Peet, Malcolm and Robinson David.** *The Critical Examination An Approach to*  
*Literary Appreciation at an Advanced Level* Arnald Wheaton a division of Penguin  
Books Oxford 1977